Gradam VW AUDI i gcomhar le Motor Distributors (IRL) LTD ar son fiúntais ar an Ard-Teastas i dTeicneolaíocht i dTeicneolaíocht Ghluaisteáin

Philip Driver
Gradam Chumann Trádála na dTarracóirí agus an Innealra Feirme ar son fiúntais ar an Ard-Teastas i dTeicneolaíocht i Meicniú Talmhaíoch

David O'Doherty
Gradam Kostal Ireland ar son fiúntais ar an Ard-Teastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil agus Déantúsaíochta

James Ryan
Gradam Aughinish Alumina ar son fiúntais ar an mBaitsiléir in Innealtóireacht Mheicniúil

Colin Hall
Gradam International Cargo Services ar son fiúntais ar an B.Eng. i dTeicneolaíocht agus i mBainistíocht Iompar Bóthair

SCOIL NA HEOLAÍOCHTA, NA HINNEALTÓIREACHTA AGUS THEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE

ROINN TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE

Stephen Mulcahy
Gradam Irish Computer Science ar son fiúntais ar an B.Sc. (On.) i gCórais Faisnéise

Kevin Queeny
Gradam INTEL ar son fiúntais ar an B.Sc. (On) i bhForbairt Bhogearraí

Barbara Finnan
Gradam Fitzpatrick Computer Group ar son fiúntais ar an B.Sc. i Ríomhaireacht Ilmheán le Dearadh

Marie McCann
Gradam O2 don tionscadal is fearr ar an B.Sc. (On.) i gCláraitheoireacht Ilmheán le Dearadh

Brendan Fogarty
Gradam Ericsson Ireland don tionscadal is fearr ar an M.Sc. i Ríomhaireacht

AN SCOIL GHNÓ & DAONNACHTAÍ

SCOIL GHNÓ AGUS DAONNACHTAÍ – AN ROINN DAONNACHTAÍ

Henry Jituboh
Gradam Bhainc-Aontas Éireann ar son fiúntas ar an Ard-Teastas i nGnó i gCuntasaíocht/Airgeadas

Ryan O'Neill
Gradam CIMA/Joe Littleton & Co. Cuntasóirí agus Comhairleoirí Bainistíochta ar son fiúntais i gCuntasaíocht Bainistíochta ar an B.B.S. i gCuntasaíocht agus Airgeadas Leibhéal 7

Samantha Keogh
Gradam Ernst & Young, Cuntasóirí Cairte ar son fiúntais ar an mB.S.S. i gCuntasaíocht/ Airgeadas, Leibhéal 7

Patrice Minihan
Gradam AER RIANTA Idirnáisiúnta ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Gnó i gCuntasaíocht/ Airgeadas, Leibhéal 8

Patrice Minihan
Gradam an Ard-Bhailitheora/ na gCoimisinéirí Ioncaim ar son fiúntais i gCáin agus Dlí sa B.B.S. (On) i gCuntasaíocht agus Airgeadas, Leibhéal 8

Paul Fahy
Gradam Meet Limerick Shannon Conference & Sports Bureau ar son fiúntais Tionscadail sa bhliain Dheireanach ar an BA i Staidéar Gnó le Bainistíocht Imeachtaí, Leibhéal 8

Muireann O'Shaughnessy
Gradam Ambasáid na Fraince ar son fiúntais sa Fhraincis ar an Ard-Teastas i Staidéar Gnó i Margaíocht agus i mBainistíocht, Leibhéal 6

Gulnaz Magsumova
Gradam Southern Advertising ar son fiúntais ar an mB.B.S i Margaíocht agus i mBainistíocht, Leibhéal 7

Alan Fitzgerald
Gradam an Institiúid Mhargaíochta ar son fiúntais ar an mBaitsiléir i Margaíocht agus i mBainistíocht (On), Leibhéal 8

Mairead O'Halloran
Gradam Oidhreacht na Sionna ar son fiúntais ar an B.A. (On) le Turasóireacht, Leibhéal 8

Marian Rynne
Gradam Fáilte Ireland ar son fiúntais ar an AT i nGnó i mBainistíocht Oifige Tosaigh

Kenneth O'Neill
Gradam Chónaidhm Óstáin na hÉireann ar son fiúntais ar an dTeastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil

Claire Chaplin
Gradam Fáilte Éireann ar son fiúntais chócaireachta ar an Ard-teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil

Craig Moloney
Gradam Chathaoirleach Choiste Rialaithe ITL ar son dul chun cinn i staidéar iarchéime sa Scoil Ghnó & Daonnachtaí

3.8
Seirbhísí na Mac Léinn 2006 – 2007

Lean na Seirbhísí Tacaíochta den scoth do Mhic Léinn ar aghaidh ag forbairt agus ag soláthar tacaíochta agus cúraim do mhic léinn ar bhonn gairmiúil.

CUIREADH CLÁR IONDUCHTAITHE DEN SCOTH AR FÁIL AGUS RINNE TUILLEADH FORBARTHA AIR LE CINNTIÚ GO MBEADH GACH MAC LÉINN AR AN EOLAS FAOI NA SEIRBHÍSÍ ATÁ AR FÁIL DÓIBH I RITH NA BLIANA ACADÚLA. CHUIR SÉ SEO BRÚ BREISE AR NA SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ I RITH NA BLIANA.

Aonad Tacaíocht Foghlama

Fuair 541 mac léinn 1760 uair an chloig teagaisc ón Aonad Tacaíocht Foghlama sa bhliain acadúil 2006-2007. Áirítear anseo tacaíocht a cuireadh ar fáil do mhic léinn ar riachtanais speisialta, mic léinn lánfhásta agus mic léinn ón iasacht. Fuair tacaíocht foghlama maoiniú breise ó Chiste Straitéiseach Nuála an HEA um Fhorbairt Tacaíocht Foghlama. D'éascaigh sé seo feabhsú ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil.

Séiplíneacht

Chuir an tséiplíneacht réimse leathan seirbhísí ar fáil i rith na bliana, ina measc:

Aifrinn intí, Seirbhísi Urnaí, Sochraidí, Bainisí, Baisteadh/Céad Chomaoineach, Cásanna Cruatain na mac léinn, Díolúine Táillí do Mhic Léinn, Cuairteanna ar Ospidéil, Comórtas Amhrán agus gníomhaíochtaí éagsúla aonair eile.

Eagraíodh imeachtaí carthanaíochta chomh maith:

Cláir Fhor-rochtana Mac Léinn, Club Obair Bhaile, Múineadh Béarla d'Eachtrannaigh, cruinnithe Idirghábhála Foirne agus Mac Léinn

Seirbhís altrachta/míochaine

Chuir Aonad Sláinte na Mac Léinn seirbhís dhiscréideach míochaine ar fáil do mhic léinn faoi stiúir Altra na hInstitiúide, Alice Meagher. Bhí lialann agus seomra leighis i measc na saoráidí agus bhí páirt thábhachtach ag na hAltraí i gcothú na sláinte trí scagadh sláinte agus trí sheirbhís chúram sláinte ghairmiúil a sholáthar do na mic léinn uile. Rinne na haltraí comhordú ar chlár an-rathúil ionduchtaithe do na mic léinn céad bliana go léir agus ghlac siad páirt ann. Eagraíodh Laethanta Cothú Sláinte agus bhí seastáin ann maidir le:-

- Feasacht Meiningíteas
- Asma
- Pleanáil Clainne agus Sláinte Gnéis
- Cura
- Grúpa Tacaíochta Tuismitheoirí
- Aware
- Gardaí Pobail
- Alcólaigh gan Ainm
- Éigeandáil um Éigniú
- Sláinte
- Comhairle Dhiatéiteach agus Cothaithe

Baineadh úsáid as seastán a thaispeáin Seirbhísí Tacaíochta Mic Léinn ITL chun na seirbhísí seo a chur chun cinn agus a fhógairt.

Seirbhís Chomhairleoireachta

Ráiteas Misin Sheirbhís Chomhairleoireacht na Mac Léinn in ITL:

"Seirbhís neamhbhreithniúnach, discréideach a sholáthar i dtimpeallacht shábháilte chun a chur ar chumas mic léinn obair trí aon deacracht, féidireachtaí a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar a son féin."

Is í aidhm fhoriomlán na seirbhíse tacú le foghlaim agus forbairt na mac léinn agus cumas na mac léinn chun an leas is fearr a bhaint as a dtaithí sa choláiste a uasmhéadú.

FORÁIL SHEACHTAINIÚIL 2006-2007

	Iomlán
M. Fómhair – Noll.	38 Uair an chloig
Eanáir – Márta	43 uair an chloig
Márta- lár Bhealtaine	47 uair an chloig
Lár Bhealtaine – 20 Meitheamh	36 uair an chloig

San iomlán cuireadh 1046 uair an chloig comhairleoireachta ar fáil ar an dá champas (daoine aonair is mó a bhí i gceist chomh maith le 2 ghrúpa). Ar an gcaoi sin cuireadh 1246 uair san iomlán de choinní ar fáil do mhic léinn idir mí Mheán Fómhair agus mí Mheithimh.

San iomlán tá sochair bainte ag 171 mac léinn (70 fear, 101 ban) as an tseirbhís ó Mheán Fómhair go Meitheamh. Chomh maith leis sin tugadh tacaíocht do 100 ball foirne ina gcuid oibre le mic léinn i rith na bliana. Cuireadh triúr mac léinn ar sceideal le leanúint ar aghaidh ag freastal i rith an tsamhraidh. Bhí an tseirbhís buail isteach ar fáil ó Cheann na Comhairleoireachta i rith an tsamhraidh de réir mar a theastaigh sé.

Maoirseoireacht meantóra

Reachtáil Seirbhís Chomhairleoireacht na mac Léinn tréimhse phíolótach don tSeirbhís Rochtana ó Mhárta go Bealtaine. Ba í Niamh Murphy a d'áisigh na seisiúin seo. Ba í aidhm an tionscadail seo tacú le baill foirne ina ról meantóireachta le mic léinn.

Gairmeacha agus Ceapachán

Gníomhaíocht Mac léinn

Baineann gach cineál mac léinn úsáid as an tSeirbhís Ghairmeacha, mic léinn réamhiontrála, printísigh, fochéimithe reatha agus mic léinn iarchéime agus céimithe. Déantar cur i láthair do gach rang Céime Onóracha; do ranganna Gnáthchéime i mBainistíocht Láithreáin, Sláinte agus Sábháiltecht, Innealtóireacht Shibhialta, Leictreonaic agus Mheicniúil; do mhic léinn socrúcháin ó Fhorbairt Bhogearraí, Ilmheáin, Cúram Sóisialta, Cógaiseolaíocht agus Fóiréinsic, Bainistíocht Foirgníochta, Eacnamaíocht Foirgníochta agus Eastát Réadach. Sa Choláiste Ealaíne, rinneadh cur i láthair do Mhúinteoireacht Ealaíne & Deartha, Dearadh Grafach, Dearadh Ceirmeach, Faisean agus Mínealaín. Pléadh Féinmheastóireacht, Roghanna Gairme, Deiseanna breise Oideachais, an Margadh Saothar do Chéimithe, Cuartú Postanna agus ullmhúchán CV sa chur i láthair sin.

Ullmhúchán d'Agallamh

Tar éis an gcur i láthair bhí sraith Ceardlanna Agallaimh ann i rith na tréimhse ó Eanáir go Márta. Cuireadh na ceardlanna ar fáil ag 5.00 p.m. agus bhí an-tóir ag na mic léinn ar an am sin. D'fhreastail 82 mac léinn ón mbliain dheireanach ar na ceardlanna seo (féach Aguisín 4). Eagraíodh Ceardlann agallaimh rólghlacadh do mhic léinn ón Rang Oideachas Ealaíne & Deartha agus bhí 25 mac léinn rannpháirteach ann. Eagraíodh agallaimh aonair rólghlacadh i bpáirt leis an Scoil Ghnó – chuir sé seo 34 agallamh aonair rólghlacadh ar fáil do mhic léinn a bhí ag cur isteach ar phostanna sna cuideachtaí móra Cuntasaíochta agus Baincéireachta.

Tástáil Shiciméadrach

Ceannaíodh Ceadúnas ó Team Focus i Mí Iúil 2006 chun réimse tástálacha siciméadracha a chur ar fáil ar líne do mhic léinn ITL. Áiríodh Trialacha Cumais (Briathartha, Uimhríoch agus Teibí), Stíleanna Foghlama agus Táscairí Dinimiciúla Cineáil sa tástáil seo. Is féidir na trialacha cumais a usáid mar ullmhúcháin do thrialacha infheidhmeacha nó d'ionaid meastóireachta. Níl a lán de na trialacha seo deacair ach ní raibh ag éirí go maith leis na mic léinn iontu mar nach raibh taithí acu ar an teicníc ná ar uainiú. Tugann na trialacha ar líne deis do na mic léinn triail uainithe a dhéanamh ar líne agus tugtar aiseolas don mac léinn i ríomhphost. Is féidir na trialacha seo dhéanamh chomh minic agus is gá. Chomh maith leis na trialacha Cumais, tig le mic léinn tabhairt faoin Táscaire Stíleanna Foghlama agus Dinimic Cineáil. Tá an Táscaire Dinimic Cineáil go maith do mhic léinn sa bhliain dheireanach go háirithe, mar go n-aithníonn sé an cineál pearsanachta agus go soláthraíonn sé tuarascáil an-chuimsitheach faoi réimsí Cinnireachta, Obair Foirne, Cinnteoireachta agus na gairmeacha a oireann don chineál pearsanachta. Úsáideadh 958 triail i rith na bliana le 295 ar Stíleanna Foghlama agus 393 i nDinimicí Cineáil (Féach Aguisín 3). Fuarthas aiseolas an-dearfach ar fad ó na mic léinn; dar leo go raibh na trialacha cruinn agus ábhartha.

Earcaíocht Chéimithe

Tá an margadh láidir saothair do chéimithe ag fás i gcónaí. Léirigh 70% de lucht earcú céimithe a ndearnadh GTI suirbhé orthu i 2007 go raibh siad ag súil le níos mó céimithe a earcú i 2008. Bíonn an-éileamh ar chéimithe ITL ach tá an margadh ag athrú agus an-iomaíocht ann. Tá tástáil shiciméadrach á úsáid ag níos mó cuideachtaí anois; ní ghlacfaidh a lán díobh le hiarratais ach ar líne agus cuireann fostaithe an-bhéim ar chainníocht agus ar cháilíocht na n-iarrthóirí le céim. Tháinig méadú suntasach ar líon na bhfolúntas a fógraíodh agus thug an líon is mó riamh de chuideachtaí cuairt ar an Institiúid chun ár mic léinn a earcú i 2006/7. Léirítear é seo sa líon a rinne cur i láthair agus a bhí páirteach sna hAonaigh Gairmeacha. D'fhreastail 74 Cuideachta ar an Aonach Earcaíocht don Timpeallacht Tógtha (Féach Aguisín 2). D'fhreastail 61 Cuideachta ar an Aonach Gairmeacha do Ghnó/Daonnachtaí agus Eolaíocht, Innealtóireacht agus TF(Aguisín 1). Rinneadh 34 Cuideachta cur i láthair ar champas. (Aguisín 6). D'eagraigh 39 Cuideachta agallaimh ar champas (cuid acu ar feadh 2/3 lá) (Aguisín 5). Chomh maith leis sin d'fhreastail 150 mac léinn ar Aonach Gairmeacha Ollscoil Luimnigh i mí Dheireadh Fómhair 2006.

Córas Bainistíocht Gairmeacha

Ceannaíodh córas bonnachar sonraí nua don tSeirbhís Ghairmthreoir i 2006. Uasluchtaíodh liosta de na mic léinn reatha as Banner agus déantar é seo a uasdátú ag gníomhaíochtaí agus cruinnithe Gairme. Tá modúl fostóirí ann freisin a chuireann ar chumas Gairmthreoir próifíl a dhéanamh de na fostóirí ar pléadh leo agus taifead a choinneáil de chruinnithe agus teagmhálacha le fostóirí. Bíonn rochtain ag Ceann na Forbartha, Bainisteoir na Seirbhísí Seachtracha, Bainisteoir EAC agus Cinn na Scoileanna ar rannóg an bhfostóirí.

Ionad nua

Athlonnadh an tSeirbhís Gairmeacha chuig a ionad reatha i mí Mheán Fómhair 2006. Tá Oifig agus Seomra Faisnéise na Seirbhíse lonnaithe go lárnach anois in áit atá an-áisiúil do mhic léinn agus d'fhostóirí araon. Cuirtear dhá ríomhaire ar fáil sa Seomra Faisnéis Gairme agus bíonn rochtain ag mic léinn agus céimithe orthu. Ordaíodh seinnteoir DVD agus monatóir freisin don Seomra Faisnéise.

Moltaí

Bíonn an tSeirbhís Gairmeacha i gcónaí ag iarraidh forbairt agus athrú chun freastal ar riachtanas na mac léinn agus na bhfostóirí. Táimid ag deileáil leis an gcóhort GenY, mic léinn a rugadh ó 1980 i leith, dream a bhfuil a ngnéithe an-difriúil ó na glúnta a chuaigh rompu. Léiríodh de thoradh chomhairleoireachta móire a rinne Ollscoil Reading ar mhic léinn a úsáideann a gCóras Bainistíocht Gairmeacha, agus gach taighde eile ag tacú leis, gur fearr a fhreagraíonn siad má chaitear leo mar dhaoine aonair. Ní éiríonn le treoir gairme atá dírithe ar an mhargadh mór, mar nach mbraitheann siad go mbaineann an teachtaireacht leo féin. Ní mór plé leo go pearsanta agus a thabhairt le fios dóibh go dtabharfar cluas éisteachta dóibh.

Leanfaidh na hathruithe sa mhargadh saothair ar scileanna ardleibhéil agus ar shoghluaisteacht idirnáisiúnta ar aghaidh, agus ba chóir go gciallódh an gá atá le heolas a thabhairt suas chun dáta go rialta go mbeidh gá le treoir d'ardchaighdeán i gcónaí ar mhaithe le treo gairme. Aithnítear an gá atá le seirbhísí Gairmthreorach chun tacú le mic léinn sa trasdul ó oideachas go fostaíocht i dtuarascáil COPS (Feabhra 2007).

Aithnítear freisin an nasc ríthábhachtach a chuir Gairmthreoir ar fáil idir lucht acadúil agus an tionsclaíochta, mar áis chun tuairimí agus ábhair imní a mhalartú.

Seirbhís Rochtana

Déanann an tOifigeach Rochtana, Linda Barry, bainistíocht ar sheirbhís Rochtana ITL.

Is í aidhm na seirbhise iontráil agus rannpháirtíocht sna cláir acadúla agus i saol na mac léinn san Institiúid a chothú agus a áisiú do na daoine seo a leanas:

1. Mac léinn faoi mhíbhuntáiste shoch-eacnamaíoch
2. Mic léinn le Míchumas agus/nó le Deacrachtaí Sonracha Foghlama
3. Mic léinn lánfhásta
4. Lucht Siúil agus Mionlaigh Eitneacha

Is é an ról atá ag an Seirbhís Rochtana:

1. Rochtain ar son Iniamh Shóisialta a spreagadh agus a chur chun cinn i measc mic léinn ionchasacha in ITL.
2. Bualadh le mic léinn ITL le deimhniú cad is gá a dhéanamh chun iontráil agus rannpháirtíocht sna Cláir Acadúla atá á dtairiscint ag an Institiúid a dheimhniú.
3. A chinntiú go raibh ionchais na mac léinn fhéideartha bunaithe ar an bhfírinne ionas go bhféadfaí rogha eolach a dhéanamh.
4. A chur ar chumas mic léinn a bheith rannpháirteach sa chlár a roghnaíonn said trí chóiríocht réasúnta a fháil agus a sholáthar de réir mar a bhíonn gá ag mic léinn léi.
5. Obair i gcomhair le Foireann Seirbhisí Tacaíochta na Mac Léinn.
6. Obair go dlúth leis foireann na hInstitiúide chun gníomhaíochta réamhiontrála agus iariontrála a sholáthar.
7. Líonrú a dhéanamh go leanúnach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
8. Obair i gcomhar le cuspóirí straitéiseacha Chonsortiam na Sionnaine.
9. Teagmháil a dhéanamh le hInstitiúidí Ardoideachais eile, agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha.

Dáileadh tuarascáil chuimsitheach mhionsonraithe faoin Seirbhís Rochtana iariontrála 2006-2007 ar an mBainistíocht Shinsireach i mí Iúil 2007. Rinne an tSeirbhís Rochtana comhordú/seachadadh ar na tograí seo a leanas.

Meantóireacht

Tá an teagmháil idir mic léinn agus an Institiúid feabhsaithe ag an Seirbhís Meantóireachta in Insitiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Bhí 54 meantóir in ITL le linn na bliana acadúla 2006-2007. Is baill lánaimseartha den bhfoireann acadúil iad na meantóirí. Tugann Ceann a Roinne 30 mac léinn céadbhliana do gach meantóir. Bíonn meantóirí ar fáil do mhic léinn printíseachta Céim 4 chomh maith.

Rinne an tOifigeach Rochtana comhordú ar oiliúint agus ar struchtúr an chlár meantóireachta ag ITL don bhliain 2006-2007. Tionóladh cruinnithe/ceardlanna i rith na bliana acadúla.

Ag tús na bliana acadúla 2006-2007 síníonn gach meantóir 'Meabhrán Tuisceana' a fhaomhann an Cláraitheoir ina dhiaidh sin. Rinneadh íocaíocht de €1400 i dhá thráthchuid ar leith le gach meantóir le linn na bliana acadúla. Bhain costas iomlán de €78,033.80 leis an tseirbhís mheantóireachta a chur ar fáil in ITL don bhliain 2006-2007.

I gcomhairleoireacht le seirbhís chomhairleoireachta ITL rinneadh forbairt ar 'Thogra Maoirseoireachta Meantóireachta' mar thogra píolótach. Is í aidhm an togra píolótaigh seo tacú le baill foirne ina ról meantóireachta. Rinne seirbhís chomhairleoireachta ITL áisiú air agus bhí tionchar dearfach aige ar na meantóirí a léirigh gur mhaith leo go leathnófaí amach é i 2007 – 2008.

Léiríodh i 2006-2007 go bhfuil seirbhís meantóireachta dhearfach, téagartha agus an-ghníomhach ag an Institiúid. Tá cur chuige dúthrachtach daonnachtúil ag an bhfoireann thiomanta meantóireachta ina dteagmháil le mic léinn. Níl aon amhras ach go gcuirfidh tionchar an tseirbhís meantóireachta le haidhm straitéiseach na hInstitiúide don todhchaí.

Tograí Rochtana Iar-Iontrála

Ciste Cúnaimh na Mac Léinn

Déanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú ar Chiste Cúnaimh na Mac Léinn faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, le cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

Tugtar eolas do mhic léinn faoin gciste le linn a gclár ionduchtaithe. Déanann Comhairleoirí, Altra, Séiplíneach, Meantóirí, Stiúrthóirí Cúrsa agus Oifigí Chumann na Mac Léinn in ITL mic léinn a atreorú chuig an gciste. Bíonn postaeirí crochta in airde ar fug an champais chun an ciste a fhógairt.

Déanann an tOifigeach Rochtana riaradh ar an Ciste Cúnaimh a chuireann tacaíocht theoranta ar fáil do mhic léinn lánaimseartha ITL atá i ngéarchéim airgeadais mar gheall ar chúinsí nach rabhthas ag súil leo nó atá faoi mhíbhuntáiste agus a bhfuil tuilleadh cúnamh airgeadais de dhith orthu chun a bheith chomh rannpháirtíocht agus is féidir ina gcuid staidéar agus iad san Insititiúid.

Bhí cruinniú ag an Oifig Rochtana leis an Leabharlann i mí Lúnasa 2006 chun nós imeachta foirmiúil iarratais a chruthú do leabhar a bheadh le ceannach ag an Leabharlann ar son an Oifig Rochtana le linn na Bliana Acadúla 2006-2007. I rith na bliana acadúla caitheadh €3,978.49 (91 leabhar) as Ciste Cúnamh na Mac Léinn ar leabhair agus bhain 67 mac léinn úsáid as an tseirbhís. Cheadaigh an tOifigeach Rochtana iarratais agus d'ordaigh an leabharlann na leabhair a bhí ag teastáil. Fuair na hiarratasóirí na leabhar seo ar scéim fhadtéarmach iasachta don bhliain acadúil iomlán. Ag deireadh na bliana acadúla tugann na mic léinn na leabhair ar ais don leabharlann agus cuirtear iad ar fáil do mhic léinn eile a bhíonn sa riocht airgeadais céanna sa chéad bhliain acadúil eile.

Bhunaigh an tOifigeach Rochtana Coiste Comhairleach um Maoiniú do Mhic Léinn sa bhliain 20042005 agus lean an coiste ar aghaidh i 20062007. Cheadaigh an coiste íocaíochta a rinneadh do mhic léinn agus achomhairc a chuir mic léinn isteach. Bhí an coiste seo comhdhéanta de na comhaltaí/ionadaithe seo a leanas:

- Riarthóir Acadúil agus Bainisteoir Gnóthaí na Mac Léinn
- Séiplíneach
- Aontas na Mac Léinn (1 as Maigh Lise agus 1 as Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh)
- Baill foirne (2 Maigh Lise agus 1 as Scoil Ealaíne)
- Riarthóir Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn
- Ionadaí Airgeadais
- Oifigeach Rochtana

Fóirdheontas Cúram Leanaí 2006-2007

Rinne an tSeirbhís Rochtana an Fóirdheontas Cúram Leanaí a riaradh den chéad uair i mbliana. Iarradh ar mhic léinn gur mian leo iarratas a chur chuig ciste Cúram Leanaí ITL foirm iarratais a chomhlánú. Iarradh ar na daoine a rinne iarratas ar an gCiste Cúram Leanaí an doiciméadúchán seo a leanas a chur ar fáil: Cóip den leabhar Liúntas Leanaí, Cóip de Theastas Breithe gach linbh, Cóip de Ráitis Phearsanta Bainc, Cóip de Chárta Aitheantais Mic Léinn, Cóip de P60/P21 Pearsanta, Cóip de P60/P21 an Chéile/Páirtnéir, Admhálacha do chostais Chúram Leanaí:

D'fhaomhaigh Coiste Comhairleach Chiste na Mac Léinn na Rátaí Cúram Leanaí don bliain 2006-2007. Luaigh na hiarratasóirí líon na leanaí i gcúram leanaí, an líon seachtanúil uaireanta agus costas iomlán an chúram linbh do gach leanbh.

Íocadh €127,653.00 san iomlán ar son cúram leanaí. Fuarthas buiséad iomlán de €92,600 ón gcaipitíocht. B'éigean a insint do chuid de na mic léinn go mbeadh a gcuid íocaíochtaí cúram leanaí ag teacht ó Chiste Cúnaimh na Mac Léinn, atá á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, le cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa. Bhí mic léinn a fuair costais chúram leanaí ó Chiste Cúnamh na Mac Léinn ag fáil íocaíochtaí cheana féin ón gCiste ar son costais maireachtála eile.

Mar gheall ar an méadú i gcostais chúram leanaí do mhic léinn beidh orainn monatóireacht chúramach a dhéanamh ar chaiteachas ar chúram leanaí amach anseo.

Tacaíocht do Mhic léinn lánfhásta

Is í aidhm an tSeirbhís Rochtana iontráil agus rannpháirtíocht sna cláir acadúla agus i saol na mac léinn san Institiúid a chothú agus a áisiú do mhic léinn lánfhásta. Chuir an tOifigeach Rochtana 'Coiste Chumann na Mac Léinn Lánfhásta' ar bun sa bhliain acadúil 2005-2006. D'fhógair an tOifigeach Rochtana seacht gcruinniú le linn na bliana acadúla. Bhí an-éagsúlacht sa bhfreastal ar na cruinnithe seo.

Ba é an méadú sa leibhéal teagmhála idir mic léinn lánfhásta agus an tSeirbhís Rochtana an gné ba shuntasaí de ghníomhaíocht lánfhásta i gcomparáid le 2006-2007 mar gheall ar go raibh an tseirbhís i mbun riarachán Chiste Cúram Leanaí ITL den chéad uair. Chuir na mic léinn lánfhásta níos mó aithne ar an bhfoireann Rochtana dá bharr seo agus de bharr a bheith ag fáil cúnamh SAF agus ba mhinic a bhain na mic léinn leas as an deis chun labhairt le lucht foirne faoi ábhair éagsúla, faoina raibh bainte amach nó faoi na deacrachtaí pearsanta nó acadúla a bhí acu. I roinnt cásanna d'atreoraigh an tOifigeach Rochtana na mic léinn chuig baill eile d'Fhoireann Tacaíochta na Mac Léinn chun cúnamh a fháil dóibh.

Tograí rochtana eile

Mic Léinn la Míchumais agus/nó le Deacrachtaí Sonracha Foghlama, Tograí Réamh-Iontrála- Rochtana, 'GO 4IT' – Togra Oideachais i gcomhar le Lárionad Acmhainní Teaghlaigh Naomh Mainchín, Togra Lucht Siúil ITL (i gcomhar le UL agus SIF).

Seirbhís Chóiríochta

Lean an tSeirbhís Chóiríochta lena tacaíocht do mhic léinn chun cóiríocht a fháil agus cúnamh a thabhairt dóibh nuair a bhí deacrachtaí cóiríochta acu. Tá an tseirbhís i mbun seirbhís atreoraithe, ionas nach raibh dúbláil ann agus daoine ag dul chuig an láthair chéanna. Dá thoradh seo, tá an-taithí faighte ar an gcóiríocht agus ar na tiarnaí talún uile sa cheantar máguaird, agus is í is fearr atá in ann comhairle a chur ar mhic léinn nuair a thagann siad go Luimneach den chéad uair. Tá an tseirbhís seo ar fáil do Phrintísigh freisin.

1. Atreorú Pearsanta – mar a ndéantar gach mac léinn a atreorú go seoladh ar leith, agus
2. Cigireacht phearsanta – mar a ndéanann gach mac léinn cigireacht ar a c(h)óiríocht féin.

Aontas na Mac Léinn

Lean an tAontas ar aghaidh ag feidhmiú mar sheirbhís neamhspleách ionadaíochta agus tacaíochta do mhic léinn tríd an gCoiste Rialaithe agus an Chomhairle Acadúil, agus ag leibhéal Scoile, Roinne agus ranga. Tháinig forbairt ar an gcomhoibriú idir an Bhainistíocht agus na mic léinn agus is dá thoradh sin a tharla a lán den bhforbairt atá imlínithe sa tuarascáil seo. Chuir Aontas na Mac Léinn tacaíocht, comhairle agus faisnéis ar fáil faoi réimse leathan ábhar. Is eagraíocht é Aontas na Mac Léinn atá á reachtáil ag mic léinn chun freastal ar riachtanais na mac léinn. Bhí Coiste Riartha, atá tofa ag balóid i measc na mac léinn, i mbun reachtáil laethúil an Aontais.

Tá dhá aontas ar leith ann, Aontas an Scoil Ealaíne & Deartha agus Aontas Pháirc Mhaigh Lise, lena n-oifigigh tofa féin acu a bhíonn ina n-oifigigh sabóideacha don bhliain.

Socraíonn na mic léinn beartas agus treo foriomlán an Aontais ag a gcruinniú cinnbhliana.

- chun ionadaíocht a dhéanamh ar mhic léinn agus a gcearta a chosaint
- chun bealach cumarsáide aitheanta a chur ar fáil idir na mic léinn agus údaráis na hInstitiúide
- chun áiseanna sóisialta agus siamsaíochta a sholáthar do mhic léinn
- Spreagtar mic léinn chun a bheith páirteach i ngnéithe spórtúla agus cultúrtha saol na hInstitiúide.

Lean Aontas na Mac Léinn ar aghaidh ag eagrú Seachtain Phléarácaim, le himeachtaí chomh héagsúil le léim bungee agus dioscó na gcluasán agus gigeanna grinn de gach cineál. Cuireadh tús leis an tseachtain le dioscmharcach a bhfuil cáil dhomhanda air ag seinm in ionad áitiúil a bhí lán go doras. Bhí Lá Spraoi ar an gcampas ina dhiaidh sin le Léim Bungee, Bucking Bronco, Giústáil Ghliairí, Peil Dhaonna agus siamsaíocht de gach cineál. D'eagraigh Aontas na Mac Léinn

Gig Grinn le beirt de na fuirseoirí is cáiliúla in Éirinn san Aula Maxima. Bhí Aontas na Mac Léinn páirteach chomh maith in eagrú chomórtas bliantúil amhrán agus chuaigh dhá ghrúpa mac léinn ar aghaidh mar ionadaithe ITL san IT Factor i mBaile Átha Luain agus fuair ITL an chéad áit in earnáil na Leagan Clúdaigh.

Bhí Lá Sabháilteacht Bóthair Aontas na Mac Léinn, An Rós Dubh, ar cheann de bhuaicphointí na bliana mar a ndearnadh timpiste gluaisteán a shamhlú agus beirt mhac léinn a ghearradh amach as carranna scriosta, agus gabhadh mac léinn eile as tiomáint ólta. Thug ball den chór tráchta caint chrua faoi thimpistí ina dhiaidh sin. D'fhreastail an Údarás um Shábháilteacht Bóithre ar an ócáid agus thug siad amach bileoga faisnéise. Rinne siad comhghairdeachas le Mic Léinn ITS as ucht seasamh onnghníomhach a ghlacadh faoin ábhar tromchúiseach sóisialta seo. Rinne Árachas AXA urraíocht ar an lá agus tugadh suaitheantaisí Rós Dubh do na mic léinn don lá.

Seoladh Nuachtán Aontas na Mac Léinn, LIT VOICE i mbliana, seoladh é i mí Eanáir agus tháinig eagrán amach gach mí. Clúdaítear Spórt, Clubanna & Cumainn, Cluichíocht & Teicneolaíocht, Ealaín & Dearadh, Faiseán & Áilleacht, Comhairleoireacht agus Rochtain san iris agus bhí alt ann freisin ón Séiplíneach. Tá an Nuachtán ag feabhsú gach lá agus níos mó mic léinn ag glacadh páirt sa léiriú.

Comhairle Spóirt ITL

Spreagtar na mic léinn in Institiúid Teicneolaíochta le páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt agus cultúrtha, agus bonn a leagadh do dheiseanna spéisiúla, ilghnéitheacha corraitheacha a chuireann le saibhreas agus le bríomhaireacht an tsaoil do mhic léinn. Glactar leis dá bharr sin gur cuid ríthábhachtach den taithí acadúil í rannpháirtíocht na mac léinn sa spórt, agus go bhfeabhsaíonn sé forbairt phearsanta agus shóisialta an mhic léinn. Cuireann an rannpháirtíocht spóirt leis an saol acadúil, tá leas gan áireamh le baint as agus cruthaíonn sé cairdeas a mhaireann ar feadh an tsaoil. Cruthaítear pobal sóisialta le club nó cumann spóirt nó cultúrtha, rud a éascaíonn saol na mac léinn agus a dhéanann níos taitneamhaí é. Tá neart deiseanna in Insitiúid Teicneolaíochta chun triail a bhaint as spóirt nua, chomh maith le scith a ligint agus taitneamh a bhaint astu.

Cinntíonn an réimse spórt atá ar fáil go bhfuiltear ag freastal ar beagnach gach cineál spéise:

- Rugbaí
- Iománaíocht
- Camógaíocht
- Peil Ghaelach
- Sacar
- Club Allamuigh
- Peil Ghaelach na mBan
- Sacar na mBan
- Rámhaíocht
- Cispheil
- Lúthchleasaíocht
- Badmantan
- Galf
- Tae Kwon Do

Is féidir le mic léinn a bheith páirteach in imeachtaí iomaíocha nó neamhiomaíochta inmheánacha nó idir coláistí. Bhí an-rath ar mhic léinn Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh le blianta beaga anuas, go háirithe san Iománaíocht, i Rugbaí, Peil Ghaelach, Sacar agus Rámhaíocht.

Tá áiseanna úrscothacha spóirt ag Insitiúid Teicneolaíochta Luimnigh, lasmuigh agus laistigh, lena n-áirítear trí pháirc lánmhéide agus páirt imeartha uile-aimsire. Tá ionad corpacmhainne agus halla spóirt faoi dhíon ann chomh maith. Léiríonn fiúntas na n-áiseanna spóirt atá ar fáil do mhic léinn tiomantas ard ITL do spórt agus caitheamh aimsire.

Club CLG ITL

Bhí níos mó rath ná riamh ar ITL in imeachtaí CLG. Toradh díreach é seo ar bhua iontach an fhoireann shinsear iománaíochta a ghnóthaigh Corn Mhic Giobúin faoi dhó le trí bliana anuas, 2005 agus 2007 chun ár n-ionad mar cheann de na coláistí tríú leibhéil iománaíochta sa tír a dhaingniú. Bhuaigh muid Craobh Iománaíochta Roinn 1 na Chéad Bhliana i 2004, Craobh Iománaíochta Roinn 2 na Chéad Bhliana i 2006, Craobh Iománaíochta Roinn 3 i 2006, Sraith Peil na mBan Roinn 3 agus Craobh Dhúbailte 2004, agus Craobh Pheile Roinn 2 na Chéad Bhliana i 2006.

Tá Cumann CLG ITL ar nós gach cumann CLG eile sa tír le struchtúr ceart club, le Cathaoirleach, Rúnaí, Cisteoir agus Coiste a thagann le chéile go rialta. Chuireamar dhá fhoireann bhreise le líon na bhfoirne le bliain anuas, agus tá an líon is mó riamh ann anois, 12 fhoireann a bhí san iomaíocht i réimse comórtas éagsúla ó na scothchomórtais ar nós Corn Mhic Ghiobúin agus Corn Trench go iománaíocht Shóisir agus iománaíocht Roinn 3 na chéad bhliana.

Agus seo á dhéanamh again, d'éirigh linn freastal ar réimse leathan spéise agus cumais, agus a chinntiú go dtabharfaí deis do gach duine ar mian leo dul ar an bpáirc imeartha i ndathanna glas, bán agus dubhghorm ITL a bheith rannpháirteach. Chuireamar 12 fhoireann iomaíocha ar na páirceanna i mbliana, Sinsear, Idirmheánach, Sóisear, Céad Bhliain "1", Céad Bhliain "2", agus Céad Bhliain "3" san Iománaíocht, Peil Ghaelach Shinsear agus Chéad Bhliana, Peil Shinsir agus Chéad Bhliana na mBan, agus Camógaíocht Shinsir agus Chéad Bhliana.

Club Sacair ITL

Freastalaíonn Club Sacair ITL ar fhir agus ar mhná i ngach bliain sa choláiste agus iarchéimithe san áireamh. Bíonn an chéad agus an dara fhoireann ann d'fhir de ghnáth, agus foireann amháin do na mná.

Tá caighdeán ard sacair sa choláiste agus chuaigh cuid de na himreoirí ar aghaidh chun imirt i sraith na hÉireann agus tugadh trialacha do roinnt eile i Sasana. Tá réimeas maith traenála sa chlub sacair a chinntíonn go mbainfidh gach duine a oiread leasa agus is féidir as a gcuid ama ar an bhfoireann.

Sa bhliain acadúil 2006/2007 rinne Jamie Enright ionadaíocht ar son ITL ar Fhoireann Naisiúnta Choláistí na hÉireann a rinne camchuairt na hIodáile. Bhí bhliain den scoth ag foireann na bhFear freisin. I 2006/2007 chaill siad craobhchluiche Chorn Umbro i gcoinne fhoireann as an bpríomhshraith. Bhí an-rath ar fhoireann na mBan i sraith 2006/2007 agus bhuaigh siad sraith na Mumhan/Chonnachta.

Club Rugbaí ITL

Is club bríomhar gníomhach é Club Rugbaí Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Tá dhá fhoireann fear ann agus foireann na mban, agus idir thosaitheoirí agus imreoirí AIL ina mbaill.

Tá seilbh ag Club Rugbaí ITL ar Chorn Uile-Éireann na gColáistí, agus tá sé d'aidhm aige deis a thabhairt do gach mac léinn a bheith rannpháirteach agus imirt ag gach leibhéal. Tá foireann mheasctha 'tag' ann chomh maith a thugann deis do gach duine taitneamh a bhaint as Rugbaí gan phian. Chuir ITL fáilte roimh fhoireann Idirnáisiúnta faoi 20 Cheanada a d'imir i gcoinne foireann na gColáistí Éireannacha i bPáirc Thuamhumhan. Gradaim Chlub Rugbaí ITL: 1998, 1999, 2005, 2007 Curaidh Choláistí Uile-Éireann. Iarimreoirí ó Chlub Rugbaí ITL: Marcus Horan, Alan Quinlan, Anthony Foley.

Club Allamuigh ITL

Ó tiomsaíodh é i 2002, d'fhás an Club Allamuigh agus tá sé ar cheann de na clubanna is mó ar an gcampas anois. "Gníomhaíocht do Chách" mana an chlub agus freastalaíonn sé ar gach mac léinn agus ball foirne a bhfuil spéis acu in imeachtaí neamhiomaíocha ar nós Siúlóidí Sléibhe Rianóireacht, Sléibhteoireacht, Curachóireacht/Cadhcóireacht, Dreapadóireacht Carraige, Clársheoltóireacht, Uaimheadóireacht, Seoltóireacht agus Rothaíocht Sléibhe. Bíonn timpeall 12 imeacht againn i rith ba bliana acadúla (4 thuras deireadh seachtaine agus 8 dturas lae ar an Domhnach). Eagraítear a bhformhór ar chósta Thiar na hÉireann agus chuaigh an club ó Chionn tSáile, Co. Chocaí go Béal an Mhuirthead Co. Mhaigh Eo.

Tá coiste láidir mac léinn i mbun an chlub agus coinnitear na táillí chomh híseal agus is féidir. Cuirtear trealamh ar fáil do gach ócáid, ach má tá do chuid féin agat, beir leat é!

Clársheoltóireacht Eitleoige

Cuireadh club úrnua ar bun sa Choláiste i 2006/2007, Club Clársheoltóireacht Eitleoige ITL, agus bhí bliain rathúil acu agus an club ag dul ó neart go neart.

Spóirt eile in ITL

Bhí rath ar ITL i Rámhaíocht, Galf agus Lúthchleasaíocht i rith 2006/2007. Clubanna nua is ea iad seo ach táthar ag súil go dtiocfaidh fás agus forbairt orthu in imeacht ama mar gheall ar na mic léinn chumasacha dúthrachtacha atá ina mbun.

Ar mhaithe le Sláinte agus Folláine eagraíonn ITL Yoga, aeróbaic agus ranganna eile lúthaíochta.

Sparánachtaí Spóirt

Bunaíodh scéim Sparánachtaí i 2005/2006 a chuireann ar chumas mic léinn atá chun tosaigh sa spórt is rogha leo iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgid. Is do mhic léinn a ghlac le cúrsa in ITL amháin atá an cúnamh ar fáil. Bronnadh 5 Dmháchtain Sparánachta i 2005/2006 agus tá sé i gceist é seo a mhéadú sna blianta atá romhainn. Go deimhin, bronnadh 7 sparántacht i 2006/2007.

Is iad seo a leanas a fuair sparánachtaí i 2006/2007:

- Joe Canning (Gaillimh) Iománaíocht
- Tadhg Bennett (Luimneach) Rugbaí
- Rose Collins (Luimneach) Camógaíocht
- James Brinn (Luimneach) Rámhaíocht
- Timmy Dalton (Tiobrad Árann) Peil Ghaelach
- Kieran Murphy (Corcaigh) Iománaíocht
- Jackie Tyrrell (Cill Chainnigh) Iománaíocht

Seirbhís Baincéireachta

Bhí seirbhís iomlán baincéireachta, chomh maith le saoráid dáileadh airgid ar champas Mhaigh Lise, á soláthar ag Bainc-Aontas Éireann.

Bialann na Mac Léinn

Bhí saoráidí iomlána bialainne ar fáil do mhic léinn ag campas Pháirc Mhaigh Lise agus ag campas Shráid an Chláir i rith na bliana acadúla, agus foilsíodh na rialacha seo a leanas do na bialanna:

- Ní cheadaítear caitheamh tabac sa Bhialann
- Ní ceadaithe troscán ná trádairí a thógaint amach as an mBialann
- Ní mór do gach mac léinn a bheith glan agus sláintiúil in úsáid na saoráidí seo – úsáid na boscaí bruscair atá ar fáil, cuir trádairí úsáidte agus a bhfuil orthu ar na tralaithe atá ar fáil
- Mura gcomhlíontar na rialacha seo go leanúnach bainfear díot do chárta ID.

Mic léinn le Riachtanais Speisialta Foghlama

Spreagadh mic léinn le riachtanais speisialta foghlama chun a riachtanais a chur in iúl le linn Ionduchtú do cheann a Scoile/Roinne, agus/nó do bhall ar bith d'Fhoireann Seirbhísí na Mac Léinn, .i. Séiplíneach, Altra, Comhairleoir, Oifigeach Rochtana, a luaithe is féidir ionas gur féidir tacaíocht agus seirbhísí sásúla a chur ar fáil gan mhoill. D'éirigh go han-mhaith leis seo agus mhéadaigh an líon ar cabhraíodh leo ó na blianta roimhe seo, go háirithe ó thaobh tacaíochta ag am Scrúduithe.

Cuireann riachtanas na mac léinn le riachtanais speisialta foghlama brú breise ar Sheirbhísí na Mac Léinn ó thaobh réimse leathan freagairtí a fhorbairt.

3.9
Naisc Sheachtracha Acadúla (a) Seachtracha (b) Idirnáisiúnta

(a) Seachtracha

Tá naisc leitheadacha ag ranna agus Scoileanna aonair le cumainn ghairmiúla, ceirde agus gnó. Léirítear é seo sa líon mór cúrsaí atá creidiúnaithe ag comhlachtaí gairmiúla. Samplaí:

- Cuntasaíocht agus Airgeadas – creidiúnú CCA, CIMA, CPA, & IIPA
- Suirbhéireacht Chainníochta – Cumann na Suirbhéirí Cairte
- Tá creidiúnú ag réimse leathan cúrsaí ó Innealtóirí Éireann.

(b) Idirnáisiúnta

Tá naisc á bhforbairt go leanúnach ag an Institiúid le heagraíochta san Eoraip agus níos faide ó bhaile. Is féidir le mic léinn cuid dá gcúrsaí a dhéanamh thar lear faoi chlár Erasmus. Tá léachtóirí in ann idirmhalartú a dhéanamh faoin gclár seo freisin. Thug Mic Léinn agus Léachtóirí cuairt ar an Spáinn, an Ísiltír, an Bheilg agus an Albáin.

Tá socrúchán oibre mar chuid de mhórán cúrsaí in ITL. Tá naisc déanta le cuideachtaí in Éirinn agus san Eoraip. Úsáidtear cistí Leonardo chun socrúcháin mac léinn i gcuideachtaí Eorpacha a mhaoiniú.

Roinn 4
Gníomhaíochtaí Taighde & Forbartha

4.1
Réamhrá

Tá ról leanúnach gníomhach ag an Oifig Forbartha mar ionadaí don Institiúid i réimse leathan coistí beartais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta; tugtar sonraí faoi chuid acu thíos.

BAINEANN DHÁ CHUSPÓIR DÉAG DE CHUID PHLEAN STRATÉISEACH NA HINSTITIÚIDE LEIS AN OIFIG FORBARTHA. IS É SEO A LEANAS NA CUSPÓIRÍ A DTUGTAR TOSAÍOCHT DÓIBH DON BHLIAIN ACADÚIL 2006 GO 2007:

1. Cuspóir 2.1 Dlúthú ar mhargaíocht
2. Cuspóir 5.2 Tacaíocht Eochrach Chómhtháite i dTaighde agus Forbairt
3. Cuspóir 2.7 Fóraim Dhíospóireachta
4. Cuspóir 3.4 Socruithe do Scoileanna Fhriothálacha
5. Cuspóir 9.2 Tuarascáil Space Kelly/ Forbairt Champais
6. Cuspóir 2.8 Tuilleadh Forbartha ar Chaidreamh le Comhpháirtithe Eacnamaíocha Réigiúnacha
7. Cuspóir 2.9 Creat Réigiúnach
8. Cuspóir 10.3 Airgeadú/Alumni
9. Cuspóir 2.6 Córais Faisnéise do Idirchaidreach Seachtrach
10. Cuspóir 3.5 Dearadh Bealaí Rochtana
11. Cuspóir 2.5 Misean POC
12. Cuspóir 4.4 Tagarmharcanna AE/ Idirnáisiúnú

Cuspóir Straitéiseach 2.1

Cuspóir Eochrach 2.1 Rinneadh gnóthachain go leor le dlúthú na margaíochta i rith na bliana lena n-áirítear:

- Plean Straitéiseach 5 Bliana Margaíochta agus Cumarsáide a fhorbairt (foinsiú allamuigh ar dhearadh, priontáil (thar lear), grianghrafadóireacht agus fógraíocht):
  - *Athbhrandáil ar Chomhionnanas Corparáideach agus Lámhleabhar Branda;*
  - *Plean Straitéiseach Margaíochta 5 bliana*
  - *Bunú Pleananna Margaíochta Bliantúla;*
  - *Glacadh le féilire gníomhaíochta Margaíochta;*
  - *Feachtais phleanáilte Fógraíochta a fhorfheidhmiú don chéad uair, m.sh. CAO agus Oideachas Aosach*
- Laethanta Oscailte Luimnigh i gcomhar le hOllscoil Luimnigh agus Coláiste Mhuire gan Smál
- Plean cuairteanna scoile a fhorbairt don bliain: na príomhscoileanna friothála aitheanta, tosaíochtaí leagtha síos agus spriocanna socraithe de réir na míosa. Mhéadaigh cuairteanna ar scoileanna ó 100 go 159 sa bhliain.
- Dearadh agus Forfheidhmiú Suirbhéanna Cuairteanna Scoile
- Cruinnithe a eagrú le Comhairleoirí Gairmthreorach, le reachtáil go bliantúil i mí Bhealtaine gach bliain acadúil.
- Athrú ó fhógraíocht ad hoc go fógraíocht phleanáilte faoi chláir agus seirbhísí na hInstitiúide
- Straitéis CP a fhorbairt agus meicníochtaí soléire a bhunú chun scéalta a sholáthar do na meáin
- Seirbhísí Monatóireachta agus Rabhaidh do na Meáin Dhigiteacha a bhunú
- Meáin éagsúla atá dírithe ar ábhar mic léinn a aithint agus a úsáid – raidió/bebo/cineama/ Wired 103 FM
- Athdhearadh ar Shuíomh Idirlín na hInstitiúide
- Marsantacht a Fhorbairt: Earraí spóirt, maidí cuimhne, Fillteáin, Athlíontáin, T-Léinte srl.
- Oifigigh Margaíochta a earcú chun Pleananna Scoile, Roinne agus Cláir a thabhairt isteach agus taighde margaidh a dhéanamh.
- Foilseacháin bhreise a fhorbairt gan aon chostas breise: Dialanna foirne agus Cártaí Z

Cuspóir Straitéiseach 5.2

Tá ionad tábhachtach ag an taighde inár misean i measc deich Spriocanna Straitéiseacha ITL. Tá sé ríthábhachtach do ITL a bheith rannpháirteach i dtaighde, ó thaobh forbairt foirne agus forbairt churaclam araon. Cabhraíonn an taighde linn a bheith ar thús cadhnaíochta sna disciplíní a thairgímid agus naisc a choinneáil le lucht tionscail, oileann sé an teagasc, agus is comhartha é den chéim dheiridh suas ar dhréimire deiseanna dár mic léinn.

Bhí ITL rannpháirteach i speictream iomlán na ngníomhaíochtaí taighde ó thaighde bhunúsach go forbairt, nuáil agus aistriú teicneolaíochta. Go deimhin is mó a réitíonn ár dtaighde agus ár bhForbairt agus ár bplean straitéiseach leis an speictream seo de ghníomhaíocht taighde ná don sainmhíniú feidhmeach nó bunúsach. Mar gheall air sin beidh líon na nideoga taighde ina bhfuil an speictream iomlán gníomhaíochta seo forbartha agus á fhorbairt againn íseal. Beidh ar gach gníomhaíocht taighde agus forbartha ina mbímid páirteach a bheith mar bhonn do na Réimsí Straitéiseacha Taighde seo.

Agus fócas soiléir á bhunú againn dár ngníomhaíocht taighde, ciallaíonn srianta airgeadais, chomh maith le deighilt shoiléir rólanna i gcomparáid leis na hollscoileanna, go bhfuil mianach straitéiseach roghnach ag cláir chéimeanna taighde nó taighde go léibhéil 9 nó 10, i limistéirí spriocdhírithe a léiríonn tosaíochtaí náisiúnta nó réigiúnacha. Dearbhaítear critéir na réimsí seo sna deiseanna comhoibrithe a bhíonn ann idir ranna, a n-ábharthacht don tionsclaíocht agus don phobal sa réigiún, idirdhealú ó sholáthróirí tríú leibhéil eile nó comhoibriú leo, agus sochair do chláir fhochéime atá ann cheana.

Tá nideoga aitheanta agus athfhoirmlithe sa cheithre Limistéirí Straitéiseacha Taighde:

Limistéir Straitéiseach Taighde 1
Biteicneolaíocht agus Bianna Tomhaltóirí: Institiúid Biteicneolaíocht Fheidhmeach na Sionnaine le speisialtacht i scagadh comhábhar bithghníomhacha do chomhpháirteanna nua le húsáid mar nútraiceodaigh, comhábhair fheidhmeacha bia agus cothú ainmhithe ó amhábhair nádúrtha inathnuachana as foinsí in Éirinn. Bunaithe faoi *Dheontas Breisiú Taighde Feidhmeach Fhiontraíocht Éireann – Comhinstitiúid Taighde le Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.*

Limistéir Straitéiseach Taighde 2
Fuinneamh Inathnuachana, Monatóireacht Chomhshaoil agus Bainistíocht agus Nuatheineolaíochta sa Timpeallacht Thógtha. I mbun forbartha, beartaithe faoi *Dheontas Breisiú Taighde Feidhmeach EI 2009.*

Limistéir Straitéiseach Taighde 3
Seirbhísí Trádáilte Idirnáisiúnta – Meáin Chruthaitheacha agus Slándáil Dhigiteach *(beartaithe faoi Dheontas Breisiú Taighde EI do 2010)*

Limistéir Straitéiseach Taighde 4
Cleachtas Taighde agus Coimeádaíochta Stiúdeo-bhunaithe in Ealaín agus Dearadh; agus Eolaíochta Sóisialta.

Is cuid lárnach dár bhfealsúnacht agus is tomhais ar fhiúntas ár gcuid taighde an fócas réigiúnach agus ár n-idirbheartaíocht le tionsclaíocht áitiúil, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide go háirithe (SME: <450 fostaí, < €50 m i láimhdeachas) agus, i gcomhthéacs lonnú na hEorpa mar phríomheacnamaíocht Eolasbhunaithe an domhain, inneal a thacaíonn le forbairt Gnólachtaí Nuathionscanta Ardchumais i réigiún an Iarthar Láir.

Le bliana beaga anuas tá fócas soiléir dár ngníomhaíocht taighde tagtha chun cinn faoi na ceithre Limistéir Straitéiseach Taighde agus dá réir sin sna gnólachtaí a fhaigheann ár dtacaíocht, agus tá fealsúnacht, cultúr agus timpeallacht taighde fiontraíochta tagtha chun cinn ina bhfaigheann mic léinn taighde agus foirne maoirseoirechta taithí leanúnach fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar earnáil na fiontraíochta.

D'oscail an Institiúid Gorlann Gnó i 2006, mar chuig d'iarracht Fhiontraíocht Éireann chun spás agus cúnamh a thairiscint d'fhiontraithe ar mian leo a ngnólachtaí a fhorbairt laistigh de struchtúr tacaíochta champas choláiste. D'fhéadfadh na fiontraithe seo a bheith ina gcéimithe ó ITL nó ina ngnólachtaí nuathionscanta ardchumais. Tá glactha ag an EAC leis na spriocanna atá leagtha síos ag Fiontraíocht Éireann chun ráta foirmiú agus maireachtana gnólachtaí nua dúchasacha a mhéadú. Déanfaimid iarracht chomh maith cuideachtaí suntasacha tánaisteacha a fhorbairt trí thaighde a chur ar bhonn tráchtála.

Rinneadh pleananna Straitéiseacha, Margaíochta agus Airgeadais a fhorbairt don Ionad Brostú Fiontraíochta i 2006/2007. Rinneadh forbairt chomh maith ar an Lámhleabhar Oibriúcháin agus ar an Treoir Tacaíocht Fiontraíochta.

Fuarthas maoiniú tacaíochta do Bhainisteoir an Ionad Brostú Fiontraíochta ar feadh ceithre bliana (€100,000) ó Fhiontraíocht Éireann.

Rinneadh beartas sílmhaoinithe a fhorbairt do Thaighde agus Forbairt agus fuair tionscadail éagsúla maoiniú faoi Chiste 2006 agus 2007.

Bronnadh Údarás Tarmligthe creidiúnaithe ag Leibhéal 9 don Institiúid chun cláir taighde iarchéime a choinneáil ag leibhéil máistir i gCórais Rialaithe agus i gCórais Fuinnimh Inathnuachana. Rinneadh leasú ar Lámhleabhar Rialacháin agus Nósanna Imeachta Chlár Iarchéime agus Taighde na hInstitiúide agus d'fhaomhaigh an Coiste Rialaithe é i mí Dheireadh Fómhair 2006 chun tús a chur leis an obair i dtreo údarás tarmligthe ag Leibhéal 10.

Rinneadh féilire deiseanna maoinithe a fhorbairt chun deiseanna a aithint don bhfoireann acadúil chun tairiscintí a dhéanamh ar son maoiniú iomaíoch seachtrach. Cuireadh tacaíocht bhreise Bhiorearrach ar fáil sna hOifigí Forbartha agus Seirbhísí Seachtracha. Bronnadh an cúnamh deontais seo a leanas ar an Institiúid i 2006/2007 ag:

Fiontraíocht Éireann

Féidireacht Chomhpháirtíocht Nuála	€9,000
Comhpháirtíocht Nuála	€260,000
Ciste Tráchtálaithe	€100,000
Glaoch Trealamh Taighde	€210,336
Clár Breisiú Taighde Feidhmeach ag Bunú Ionad Biteicneolaíocht Feidhmeach na Sionnaine	€3,100,000

An Roinn Talmhaíochta agus Bia

Beart Taighde an Intitiúid Bhia	€171,000

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Clár Comhshaoil RTDI 2000-2006	€5,000
Clár Comhshaoil RTDI Clár Scoláireacht Máistir 2006 (1 as 10)	€40,000
Clár Comhshaoil RTDI Clár Scoláireacht Máistir 2007	€40,000

Scoláireacht Fulbright

Le Scoláireacht Fulbright Meiriceánach de €37,000 thug Todd Winkler cuairt ar Scoil Ealaíne & Dearthá Luimnigh as Ollscoil Brown	€37,000

HEA

Athnuachan Trealamh Taighde 2007	€73,000
Ciste Nuála Straitéiseach Timthriall 1 Consórtiam na Sionnaine Líonra Oiliúna agus Forbartha Iarchéime ina ndearnadh leathnú ar ionduchtú agus oiliúint Iarchéime chomh maith	€161,502

Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte

Beartas Freagrach um sholáthar Alcóil 2007	€40,000

Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht	€74,000

Scoláireacht Shinnors-Dánlann Chathair Luimnigh	€28,000

Comhairle na Stiúrthóirí, Ciste Taighde Earnáil na Teicneolaíochta	
1 Sraith 1 2006	€31,000
3 Sraith 1 2007	€168,000
3 Sraith 1 Roinnte (2 le IT Thrá Lí agus 1 le IT Thamhlachta)	€69,000

Leis na deontais rathúla seo bhí maoiniú de €4.6 milliún meallta chuici ag an Institiúid sa bhliain acadúil 2006/2007.

Cuireadh an chéad Cuideachta Campais de chuid ITL ar bun i 2006/2007 chomh maith: BRE Ireland – Buildings Research Ireland, comhfhiontar le hOllscoil Luimnigh agus an Buildings Research Establishment sa Ríocht Aontaithe.

Gníomhaireacht Fhorbartha na hÉireann (IDA)

Bhí an Institiúid rannpháirteach leis an IDA ar Chamchuairteanna éagsúla a thug cuideachtaí a d'fhéadfadh Infheistíocht Dhíreach Eachtrannach a dhéanamh san Iarthar Láir ar cuairt ar an Institiúid. Rinne cur i láthair dóibh faoin Institiúid, faoi ranna ar leith agus faoi thacair scileanna na gcéimithe. I measc cuairteanna IDA ag ITL bhí: Agilis, Appvault, **AR Worldwide**, Aria, Astute, Direct Mail Solutions, Digital River, GLG Group, **Northern Trust**, PC Tools, Perot Systems, Portman Building Society, Trident, Sling Media, Solarwinds, Speedyhire, SugarCRM, WIPRO, Worldspace, **Zimmer**.

Cuspóir Straitéiseach 2.7Fóraim Bheartais agus Díospóireachta

Údarás Réigiúnda an Iarthar Láir (MWRA)

Bhí ionadaíocht ag an Institiúid ar Údarás Réigiúnach an Iarthar Láir chomh maith. Tá an MWRA ar cheann d'ocht réigiún reachtúil Phoblacht na hÉireann le timpeall 10% den achar talún náisiúnta agus de dhaonra na tíre. Tá an tÚdarás comhdhéanta de limistéirí riaracháin Chomhairlí Contae an Chláir, Thiobrad Árann Thuaidh agus Luimnigh agus de Chomhairle Cathrach Luimnigh. Tá freagracht ar an Údarás Seirbhísí Poiblí a sheachadadh ar bhonn comhordaithe i Réigiún an Iarthar Láir.

Bord Forbartha Chathair Luimnigh (LCDB)

Tá Scoláireacht ar fiú €24,000 é á thairiscint do mhac léinn ollscoile atá ag iarraidh céim Máistir i Léann Coimeádaíochta a dhéanamh i Luimneach. Is comhthogra idir Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh agus Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh é Scoláireacht Shinnors, a ainmníodh ón ealaíontóir clúiteach as Luimneach John Shinnors. Gheobhaidh an t-iarratasóir rathúil deontas iomlán de €20,000. Móide €2,000 le haghaidh ábhar agus freastal ar chomhdhálacha agus seimineáir le linn an chúrsa dhá bhliana. Íocfar táille an chúrsa chomh maith.

Tacaíocht na Comhaireachta d'Eastát

Dhearbhaigh an tAire Cosanta Willie O'Dea go bhfuil pleananna athnuachana Mhaigh Rosa aontaithe d'aonghuth ag an gComhaireacht. Dúirt an tAire, cé nach sáródh sé rúndacht na Comhaireachta trí shonraí ar leith a thabhairt, go bhféadfadh muintir Mhaigh Rosa a bheith ag súil le deascéala ó thaobh oideachais, cruthú postanna, bonneagar fisiciúil agus dlí agus ord. Bhuail an tAire McDowell le ceannairí pobail i ndíospóireacht timpeall an bhoird ag Ionad Fiontraíocht Phobail Mhaigh Rosa an tseachtain seo caite mar ar chuir an Bainisteoir Paddy Flannery pleananna do shaoráid lár sráidbhaile/oideachais a bhí dréachtaithe i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh i láthair.

Cúrsa a dhéanann sochar do dhaoine le hiompar dúshlánach

Tá feabhas 80% tagtha ar dhaoine le hiompar dúshlánach san Iarthar Láir a fuair aire ó fhoireann ghairmiúil a chríochnaigh cúrsa aitheanta idirnáisiúnta in Insitiúid Teicneolaíochta Luimnigh (ITL). Cúrsa naoi mí é Tacaíocht Ilghnéitheach Iompair (MEBS) atá ar siúl in ITL le dhá bhliain anuas, agus is samhail aitheanta idirnáisiúnta aire é do dhaoine le míchumais intleachtúla le hiompar dúshlánach.

Buann Dearthóir Éireannach Comórtas Idirnáisiunta chun dul le teacht faisin ardghradaim

Tá an-cháil bainte amach ag céimí as Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh, Sinéad Clarke, as comórtas clúiteach idirnásiúnta Mittelmoda atá lonnaithe san Iodáil a ghnóthú. Tá Mittelmoda ar cheann de na comórtais idirnáisiúnta faisin is mó éilimh agus tá sé oscailte do dhearthóirí óga atá ag iarraidh a mbealach féin a dhéanamh i saol crua an fhaisin. Bhuaigh Sinéad gradam Ceirde an RDS sa bhfaisean leis an mbailiúchán céanna i mbliana.

'STAR UP BOOT CAMP' in Ionad Brostú Fiontair ITL

Tá sé fógraithe ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh go mbeidh an 'START UP BOOT CAMP' a bhfuil ag éirí chomh maith sin leis, á chur i láthair ag Brian O'Kane ar an Satharn, an 18 Samhain san Ionad Brostú Fiontair a osclaíodh sa champas le déanaí. Dúirt Bainisteoir an Ionad Brostú Fiontair, Donnacha Hughes, go bhfuil lúcháir ar ITL óstaíocht a dhéanamh ar an 32ú START UP BOOT CAMP mar go gcreideann sé gurb é an freastal ar an ócáid an chéad chéim do go leor ábhair fiontraithe as Luimneach, an Clár, Tiobrad Árann agus níos faide ó bhaile ar a mbealach rathúil gnó.

Rath ar SIF

Tugadh an maoiniú is airde den iomlán do Chonsortiam na Sionnaine atá comhdhéanta de Institiúid Thrá Lí, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smáil, agus Ollscoil Luimnigh. Rachaidh an dámhachtain chun sochair do mhic léinn (agus dá réir sin do thionscail) ar fud an réigiúin. Tá cionroinnt de €42 san iomlán tugtha do thionscadail sna hollscoileanna agus sna hinstitiúidí teicneolaíochta. Mar phríomhpháirtí bronnadh €9.6m ar UL do réimse nuálach oideachais ina bhfuil cláir rochtana, tionscadail cianfhoghlama agus comhpháirtíochta réigiúnacha oideachasúla. Dúirt an ollscoil go mbeidh €6,6m de seo do chomhpháirithe an chonsortiam. Tá €100,000 bronnta ar ITL do thionscadal neamhspleách.

Gairmtheoir do dhaltaí meánscoile in ITL

Dhearbhaigh an Dr Fergal Barry, Ceann na Forbartha, ITL go bhfuil Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ag tabhairt faoi chlár nua chun ceardlanna agus scileanna eile oideachasúla a sholáthar do Scoil Phobail Neasáin. Tabharfaidh fostaithe ITL cainteanna faoi Lá i Saol Eagraíochta; Forléargas; ceardlanna CV agus scileanna agallaimh, chun cabhrú le daltaí a gconair ghairme a rianadh agus tabharfar na daltaí ar thuras go suíomh na hInstitiúide mar a fheicfidh siad na deiseanna iomadúla gairme atá ar fáil in eagraíochtaí tríú leibhéil.

Faigheann N. Mainchín amach conas tabhairt faoi in ITL

Tá blas de shaol an choláiste á fháil ag leanaí as Baile Uí Neachtain in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus taithí á fháil acu go mear ar bhlas milis an ghnóthachain. Ghlac suas le 20 buachaill agus cailín as Scoil na mBuachaillí agus na gCailíní, N. Mainchín, páirt i gclár cúig sheachtain sa choláiste faoi Thogra Oideachais Go 4 It ITL. Tá an clár á chomhordú ag Oifig Rochtana ITL agus é d'aidhm aige leanaí a spreagadh chun aithne a chur ar an gcoláiste agus a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla acadúla.

Rath in ndán i saol na maoine

Tá Luimneach ag teacht chun cinn go mear mar cheann de na hionaid saineolais is tábhachtaí i dtionscal maoine na hÉireann mar gheall ar an obair atá ag dul ar aghaidh i Scoil na Timpeallachta Tógtha in ITL. Freastalaíonn an scoil faoi láthair ar os cionn 1,200 mac léinn agus is í an dara scoil is mó sa tír a bhaineann le foirgníocht. Ciallaíonn an leibhéal ard gníomhaíochta sna tionscail fhoirgníochta agus tithíochta go siúlann beagnach gach mac léinn as na cúrsaí seo díreach isteach i bpostanna nuair a fhaigheann siad céim. Bíonn fostóirí ag fiosrú faoinár gcéimithe i gcónaí agus tá conradh fostaíochta ag a lán díobh cheana féin. Gné tharraingteach ar leith de chúrsaí ITL an clár taithí oibre a mbíonn gach mac léinn páirteach ann sa tríú bliain. Faigheann siad taithí luachmhar dá bharr i bhfíorthimpeallachtaí oibre, agus déanann siad teagmháil le fostóirí. Tá socrúcháin oibre faighte ar gach duine den 200 mac léinn i mbliana.

BRE ullamh do Chomhoibriú UL, ITL

Ar an Luan seolfar comhoibriú idir Building Research Establishment na Breataine (BRE) agus Ollscoil Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh chun BRE Ireland a chruthú. Beidh sé d'aidhm aige comhlacht neamhspleách údarásach Éireannach a chruthú a leagfaidh síos caighdeáin inmharthanachta, nuála agus fiontraíochta i bhFoirgníocht na hÉireann. Beidh sé ar intinn ag BRE Ireland seirbhísí comhairliúcháin san inmharthanacht a sholáthar chun freastal ar riachtanas gach páirtí leasmhar i dTionscal Foirgníochta na hÉireann.

Léargas ar an saol gnó do dhaltaí

Ghlac daltaí as Scoil Mhuire na mBuachaillí, Bóthar an Oileáin, páirt i gClár Gnóthachan Sóisir le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh le gairid. Le linn an chláir chaith mic léinn as ITL 45 nóiméad sa tseachtain ar feadh sé seachtaine ag obair le leanaí i scoileanna áitiúla.

Mic Léinn LSAD ar Ghearrliosta Ghradam Faisean Nokia

Is iontach an teist ar thiomantas Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh é gur roghnaíodh ochtar dá mic léinn le bheith sa dáréag deireanach ar ghearrliosta Ghradam Dearthóir Óg Faisean Nokia 2007. Roghnaíodh an gearrliosta as coláistí deartha ar fud na 32 contae. Tá an ceathrar eile sa chraobh as Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha Bhaile Átha Cliath (NCAD).

Tuairimí do Shaothar Dealbhadóireachta i Luimneach

Tá tuairimí an phobail á lorg do thionscadal atá maoinithe ag Rialtas na hÍsiltíre chun saothar dealbhadóireachta a lonnú i lár chathair Luimnigh. Tá smaointe curtha chun cinn ag 16 mac léinn as Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh don saothar a bheadh oiriúnach don limistéir nua coisithe. Tá na coincheapanna ar taispeáint i seanfhoirgneamh Identikig ar Sráid Phádraig. Deir Michael Fox, léachtóir sa Scoil Ealaíne & Deartha, go mbeidh foirmeacha vótála ann le comhlánú ag daoine, agus go mbeidh tionchar aige seo ar an dearadh a bhuafaidh.

An Corn buaite le pointí ó Canning

Bhuaigh IT Luimnigh Corn Mhic Ghiobúin den dara uair mar gheall ar ghaisce iontach Joe Canning as Port Omna, a scóráil 1-8. Thosaigh OÉ Gaillimh go maith ach chuaigh IT Luimnigh i gceannas le dhá phointe ó Canning, agus ní bheadh ann ach buaiteoir amháin ina dhiaidh sin. Tháinig OÉ Gaillimh ar ais agus ní raibh ach cúl eatartha cúig nóiméad roimh an idirlinn. Ach chinntigh Joe Canning an bua le cúl sa 32ú nóiméad.

Sábháileann K-nex beatha dhalta

Níor ghá do dhalta rang a ceathair agus a cúig as bunscoil na gCailíní, Muire Banríon na hÉireann, SOS a chur amach nuair a ghlac siad páirt i ndúshlán K-nex, céimeanna chun na hinnealtóireachta. Thug Stiúrthóir Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, an Dr. Maria Hinfelaar, agus an Dr. Alan Kavanagh, léachtóir san Innealtóireacht in ITL, cuairt ar an scoil chun dúshlán K-nex a fheiceáil i ngníomh.

Bhí an Dr. Hinfelaar agus an Dr. Kavanagh an-tógtha le dúthracht na ndaltaí agus a gcumas ard dírithe, chomh maith lena ngaiscí samhlaíochta, cruthaíochta agus an scil agus an obair foirne a bhí le feiceáil. Beidh a fhios acu sin a bhfuil taithí acu ar K-nex, ina gceanglaítear maidí agus nascairí plaisteacha le chéile, nach bhfuil sé sin éasca. Ar an lá, bhí 15 fhoireann páirteach sa dúshlán chun bád tarrthála SOS a chruthú le toisí sonracha ar nós leithead, fad agus tiús. Ba ghá gnéithe ar nós dréimire agus cábán a chur sa bhád tarthálla, agus é a bheith críochnaithe laistigh d'uair an chloig. Tá an Dr. Kavanagh an-sásta le clár dúshlán K-nex agus é páirteach leis ó thosaigh sé ceithre bliana ó shin. Dúirt sé go raibh 10 scoil as Luimneach agus na contaetha máguaird páirteach an uair sin, ach go bhfuil os cionn caoga scoil as Luimneach féin páirteach anois.

Mórghradam €3,150 buaite ag ealaíontóir óg as Gaillimh

Bronnadh Gradam R.C. Lewis-Crosby don Phéintéireacht (luach €3,150) ar Fiona Burke ar son a saothar ola 'Translates well into smaller spaces 11' agus '222' ag bronnadh Gradaim Mic Léinn an RDS 2007 le déanaí. Bhí an-mheas ag na moltóirí urramacha ar shaothar Fiona, a phioc saothair bhuacacha na bliana seo. Fuarthas os cionn 400 iontráil ó choláistí Ealaíne ar fud na tíre agus tá 84 Saothar Ealaíne roghnaithe le taispeáint san RDS.

Roinneadh an duais is mó i nGradaim Ealaíne Mac Léinn an RDS go cothrom idir ceathrar ealaíontóir cumasacha Ealaíne, Ceri Garfield agus Clive Moloney ó Scoile Ealaíne & Deartha Luimnigh agus beirt mhac léinn ó IT Shligigh.

Ba í Alissa Kleist, Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh a fuair Gradam Freyer agus €1,500.

Dearthaí Ceirmeacha i dTeach an Chóiste

Fíoradh aisling do chailín as Caisleán na Traoi, Sophie Ivan-Clancy. Tá an chéad saotharlann Ceirmeach sa tír díreach oscailte i lár na cathrach ag Sophie agus a beirt chara, Tania Conroy agus Gemma Dardis, ar céimithe iad uile as Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh. Osclaíodh Ceramic Works, atá lonnaithe i seanteach an chóiste i Lána na bProinsiasach, as Sráid Anraí, le gairid le taispeántas taibhsiúil de shaothar na gcailíní agus bhí an-tóir air le linn deireadh seachtaine Riverfest. Bhí taispeántas grianghrafanna ann freisin ó mhac léinn máistir LSAD, Louise Shine. 'Is fiorú aislinge dúinn uile é seo' arsa Sophie. 'Theastaigh uainn go léir obair cheirmeach a dhéanamh tar éis dúinn an coláiste a fhágáil, ach níl mórán postanna ann d'ealaíontóirí ceirmeacha, agus mar sin bhí ionad mar seo ag teastáil go géar d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn.'

Fuair na cailíní an-tacaíocht ó Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh agus gheall siad go bhfanfadh siad i dteagmháil leis an gcoláiste. Fuair siad deachomhairle freisin faoi ghnó a bhunú ó Bhord Fiontar Chathair Luimnigh, agus bhí ionadaí Chomhairle Ceirdeanna na hÉireann i láthair don oscailt.

Bonn Airgid do mhac léinn ITL ag 19ú Comhdháil Bhliantúil Chumann Óstáin na hEorpa

Léiríodh an rath atá ar thalann turasóireachta agus fáilteachais Luimnigh le bua mhac léinn áitiúil i gcomórtas ardghradaim idirnáisiúnta. Bhí Ken Murphy, ITL, san iomaíocht ag an 19ú Comhdháil Bhliantúil Chumann Óstáin na hEorpa, agus chuaigh sé i bpáirt le Brian Blackwell as Corcaigh agus lena gcomhghleacaithe Eorpacha, Bilge Cakir as an nGearmáin agus Ilona Marlon Boesma na hÍsiltíre chun an bonn airgid a fháil sa chomórtas bainistíochta. Bhí an comórtas bunaithe ar phlean straitéiseach bainistíochta a dhearadh do bhialann ghnóthach. Rinne Fáilte Éireann, i bpáirt le hInstitiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, óstaíocht ar an gcomórtas a mheall os cionn 650 teachta ó 35 tír. Is í aidhm na comhdhála agus na gcomórtas comhoibriú a chothú idir scoileanna óstáin agus turasóireachta san Eoraip agus comhoibriú a spreagadh sa tionscal.

Ghlac os cionn 200 mac léinn idirnáisiúnta páirt sa chomórtas a dearadh chun comhoibriú a chothú idir mic léinn ó thíortha éagsúla. Luaitear sna rialacha go gcaithfidh iomaitheoirí a bheith san iomaíocht i bhfoirne de bheirt ar a laghad as tíortha éagsúla Eorpacha agus i gcás na mac léinn le Béarla, bhí orthu iomaíocht trí Fhraincis, agus bhí ar lucht na Fraincise iomaíocht a dhéanamh trí Bhéarla. Bhí comórtais éagsúla bia, seirbhíse, cócaireachta agus beár san imeacht uathúil seo chomh maith le comórtais dhúshlánacha turasóireachta, oifig thosaigh agus bainistíochta.

Cuirtear tús le Clár LEAP in ITL

Cuireadh tús le Clár LEAP, le 11 fiontraí lonnaithe san Ionad Brostú Fiontraíochta ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, an tseachtain seo caite. Tabharfar tacaíocht oiliúna, meantóireacht agus comhairleoireachta don 11 gnólacht. Osclaíodh an tIonad Brostú Fiontraíochta, a fhreastalaíonn ar Luimneach, an Clár agus Tiobrad Árann, i mí Mhárta anuraidh, agus tá 17 aonad gorlainne ann. Seoladh clár nuathionscnaimh LEAP go hoifigiúil an mhí seo caite.

Rath i ndán do chéimithe an Iarthar Láir

Dúirt an tAire Fiontair Mícheál Ó Máirtín le gairid go bhfuil buaine postanna san iarthar láir á dhaingniú ag na céimithe d'ardchaighdeán a thagann as Ollscoil Luimnigh agus as Insitiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Bhí an tAire sa chathair chun 151 post d'ardchaighdeán i dtrí chuideachta a fhógairt. Fógraíodh 97 bpost breise sa tSionnain ag dhá chuideachta nua a bheidh lonnaithe i gCrios gan Chustaim an aerfoirt.

Maoiniú breise do Choláiste

Ar mhaithe le ceardaithe den chéad scoth a chur ar fáil sa chontae, caithfear cionroinnt €600,000 ón rialtas le cinntiú go mbeidh gach cúrsa printíseachta in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (ITL) suas chun dáta ó thaobh teicneolaíochta agus cleachtais oibre. Agus é ag tabhairt moladh do ról forásach ITL i dtráchtáil agus i dtionsclaíocht, dúirt an tAire Tim O'Malley go gclúdaíonn clár printíseachta ITL 26 ceird chláraithe, ó oiliúint Leictreach agus Meicniúil go Pluiméireacht agus Foirgníocht, le seacht gcéim oiliúna ar an bpost agus as an bpost.

Buann Deirdre Brennan as ITL Gradam Dearthóir Óg Faisin Nokia

Fógraíodh buaiteoir Dearthóir Óg Faisin Nokia 2007 ag ócáid mórluachach faisin in Amharclann Olympia le déanaí. Chuaigh Deirdre Brennan, as Áth Luain ó dhúchas, atá sa cheathrú bliain i Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh, i gcion go mór ar phainéal moltóirí a roghnaíodh go speisialta, lena dearthaí ar ar thug sí 'Hideous Kinky'. Rug mic léinn Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh gach craobh leo ag gradaim na bliana seo, mar go raibh buaiteoirí an dara agus an tríú háit as LSAD chomh maith.

Sparánacht taistil do LSAD

Rinne an chuideachta Cuntasaíochta Horwath Bastow Charleton urraíocht le déanaí ar sparánacht taistil do chéimí Mínealaíne as an Scoil Ealaíne & Deartha in ITL. Cuirfidh an duais ar chumas mac léinn cumasach an deis a fháil taisteal lasmuigh d'Éirinn chun saothair ealaíne a fheiceáil nó smaointe atá acu cheana a fhorbairt, comhfhiontar a thiomsú le healaíontóir as tír eile, nó a saothar a chur ar taispeáint i dtíortha eile. Is é an Dr. Donal O'Callaghan, léachtóir i gColáiste Mhuire gan Smál, agus ina Ollamh ar Cuairt in Ollscoil British Columbia, Vancouver, Coimeádaí na sparánachta a deonadh den chéad uair anuraidh.

Díríonn Banc na hÉireann ar thograí réigiúnacha Ealaíne san Iarthar Láir

D'fhógair Banc na hÉireann le déanaí go mbeidh a thograí réigiúnacha Ealaíne ag díriú ar Luimneach i mbliana. I measc na dtograí seo beidh taispeántas tábhachtach in Iarsmalann Hunt le 50 saothar ó bhailiúchán Ealaíne an Bhainc, 3 ghradam de luach €5,000 agus gradam mórluachach 'Toradh', chomh maith le leithdháileadh buiséid de €80,000 ó bhailiúchán bliantúil Ealaíne an bhainc chun saothair ealaíne ón gceantar áitiúil a cheannach. Ag an searmanas oscailte, hug Comhairle na Cathrach cuireadh don Bhanc a chuid Gradaim Réigiúnacha Ealaíne do Mhic Léinn a bhronnadh ar thriúr mac léinn sa bhliain dheireanach sa Scoil Ealaíne & Deartha in ITL. Is é Banc na hÉireann an ceannaitheoir corparáideach Ealaíne is sine sa tír agus clúdaíonn a bhailiúchán Ealaíne ceithre chéad bliain. Tá déantáin agus saothair ealaíne ann ó sheanfhoirgnimh na parlaiminte i bhFiche an Choláiste agus ón mBanc Náisiúnta a bhunaigh Dónal Ó Conaill agus a cónascadh le Banc na hÉireann sa bhliain 1965. Is é beartas an Bhainc saothair phéintéireachta agus dealbhadóireachta a cheannach ag taispeántais reatha, nó go díreach ó ealaíontóirí, ionas go bhfaigheann an t-ealaíontóir féin buntáiste agus spreagadh ón gceannachán. Déantar an infheistíocht san ealaíontóir seachas sa saothar ealaíne féin.

Tugann Orla an t-iomlán abhaile

Tá duaiseoir sa Dearadh Grafach tar éis filleadh ar a baile dúchais Baile an Gharraí chun a stiúideo deartha féin a bhunú mar gheall ar shláinte na heacnamaíochta i gContae Luimnigh. Is céimí de chuid Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh í Orla Gilbourne a bhunaigh Limelight anuraidh tar éis di timpeall deich mbliana a chaitheamh ar thionscadail ardghradaim dearadh iarsmalainne i mBaile Átha Cliath agus i Londain.

'Is iontach an áit í Luimneach chun gnó a bhunú mar go bhfuil fíorfhorbairt ag teacht ar réigiún na Sionnaine' arsa Orla. 'Tá a lán ag tarlú anseo ó thaobh cultúir le bunú iarsmalanna nua agus theastaigh dúshlán nua uaim'. Rinne sé leas dá cumas cruthaitheach an chathair a fhágáil. 'Tá sé spreagúil anseo', adúirt sí. 'Le cathair bhríomhar Luimnigh, spórt, tírdhreach álainn na dúiche ina bhfuil cónaí orm, tá meascán de gach cineál ann i ndáiríre, agus na daoine anseo chomh cairdiúil.' Déanann Orla dearadh de gach cineál ó chártaí aonair gnó agus bróiséirí go mórthaispeántais iarsmalainne – ina stíl chlasaiceach shíoraí féin.

Tá cásanna taispeántais, cúlraí taispeántais agus seastáin cruthaithe aici do Leabharlann Chester Beatty i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, i nDánlann agus in Iarsmalann Kelvingrove i nGlaschú agus sna taispeántais Millennium Wing sa Dánlann Náisiúnta. Ó tháinig sí ar ais go Luimneach, tá ionaid taispeántais deartha aici don Iarsmalann nua Brigidine i gClochar Brigidine i dTullach, Co. Cheatharlach.

Siar sna blianta i bhFaing

Músclófar cuimhní ar ré atá thart i bhFaing nuair a thuirlingeoidh bád aeir, an Vintage Lady, in inbhear na Sionnaine. Beidh trí phobal, Botwood agus Norris Arm i gCeanada agus Faing, ag teacht le chéile chun comóradh 70 bliain a dhéanamh ar an gcéad eitilt thrialach a rinne an turas trasna aigéan an Atlantaigh. Rinneadh stair nuair a stiúraigh an Captaen Harold Gray Sikorsky S-42 (nó an Clipper mar a tugadh air) ó Botwood Cheanada go Faing ar an 5 Iúil 1937. Ba é seo a chéad uair do bhád aeir an tAtlantach a thrasnú, agus chruthaigh sé go bhféadfaí eitilt thrasatlantach a dhéanamh. Thug Iarsmalann Bád Aeir Faing cuireadh do Chlub Raidió Luimnigh staisiún amaitéarach raidió speisialta a oibriú. Bunaíodh Club Raidió Luimnigh, an Club Raidió is sine sa tír, i 1946, agus de ghnáth bíonn sé ag feidhmiú i gcampas Mhaigh Lise de ITL, ach beidh sé ag feidhmiú ó Fhaing an deireadh seachtaine seo.

Ardghradam d'ealaíontóir as Luimneach

Beidh aird á thabhairt amach anseo ar ealaíontóir a rugadh i Luimneach tar éis di ceann de na gradaim ealaíne is tábhachtaí sa tír a ghnóthú. Fuair Diana Copperwhite a mórdhuais €20,000 mar bhuaiteoir Duais AIB 2007. Ba é Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí a d'ainmnigh an péintéir, agus úsáidfidh sí an t-airgead chun saothar nua a chruthú do thaispeántas an bhliain seo chugainn. Rinne sí a cuid staidéir roimhe seo i Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh, sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne i mBaile Átha Cliath agus i Scoil Ealaíne & Deartha Winchester. Dúirt na moltóirí go raibh ábhair sho-aitheanta ag an ealaíontóir buacach, í ag tarraingt as íomhánna na meán uaireanta agus as a taithí féin uaireanta eile.

Onóir do lánúin órga

Bronnadh Pearsa Luimnigh na Míosa do mhí Bhealtaine 2007 ar lánúin as Luimneach, Pat agus Denise McCoole ar son a bhflaithiúlachta agus a misnigh in am an ghátair.

Bhí Pat agus Denise ina seasamh ar thrá in oileán taibhsiúil Phuket na Téalainne i mí na Nollag 2004 nuair a d'athraigh a saol go brách. Go tobann rinneadh tonnta marfacha as uiscí ciúine agus maraíodh timpeall 5,392 duine láithreach ar Phuket agus ar na hoileáin máguaird. Cé nár gortaíodh ceachtar acu sa tubaiste, d'fhág an tarlúint a rian ar Pat agus Denise agus bheartaíodar rud éigin a thabhairt ar ais dóibh siúd a d'fhulaing sa tragóid.

Is Innealtóir é Pat agus glac sé sos gairme ó ITL mar a raibh sé ina léachtóir i Scoil na Timpeallachta Tógtha. Thairg sé a sheirbhísí do GOAL i mí Bhealtaine 2006 ar an gcoinníoll go mbeadh Denise ina chuideachta don tréimhse deich mí. Bhí Pat ina chomhordnóir clár do GOAL ar thionscadail éagsúla innealtóireacht do sheirbhísí timpeallachta, tionscadail bóithre, droichid, draenála, talmhaíochta agus uiscithe ina measc. Ní raibh Denise fostaithe ach theastaigh uaithi díriú níos mó ar na ceantair intíre i limistéar cogaidh Sri Lanca. Is múinteoir corpoideachais í Denise agus rinne sí teagmháil le pobal beag misinéirí Proinsiasacha a chuir grúpa leanaí idir 3 agus 14 bliana d'aois in aithne di agus chaith sí a cuid ama ag múineadh Béarla dóibh. Rinne sí séipéal ceart as scrín Fatima agus tá oilithrigh ag teacht ann as gach cearn den dúiche anois. Dúirt Pat gur fhill sé ar Luimneach agus é i gceist aige filleadh ar phost mar léachtóir, ach d'éirigh sé as ar mhaithe le leanúint ar aghaidh leis an obair i Sri Lanca a d'athraigh a shaol.

Athrú saoil as staidéar thar lear

Agus na mílte mac léinn ag tabhairt faoina scrúduithe ar fud na hÉireann beidh suas le 1,500 mac léinn as Éirinn ag déanamh a gcuid scrúduithe ar fud na hEorpa. Beidh a bhformhór ag tabhairt faoi pháipéir sa Fhrainc, sa Spáinn, sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa RA. Ach beidh mic léinn as Éirinn lena gcomhghleacaithe sa Bhulgáir, san Ungáir, sa tSlóvaic, san Eastóin, i Málta, sa Tuirc agus i Liechtenstein. Beidh dúshlán breise ar a lán acu mar go ndéanfaidh siad na scrúduithe i dteanga na tíre ina bhfuil siad. Is le clár de chuid an AE, Erasmus, atá na mic léinn seo in ann staidéar a dhéanamh thar lear le cúnamh deontais, clár a chothaíonn soghluaisteacht i measc mac léinn, agus atá ar bun le fiche bliain anois. Ó bunaíodh é i 1987, tá an HEA ag feidhmiú mar ghníomhaí na hÉireann don chlár atá aimnithe as an daonnaí Ollanach ón 16ú haois, Erasmus as Rotterdam. Tá 34 institiúid ardléinn páirteach sa scéim le 20 bliain anuas, as 2,200 ar fud na hEorpa, agus a lán eile ag súil le bheith rannpháirteach.

Ina measc siúd a chaith seal thar lear tá an criticeoir Ealaíne Regine Gleeson, céimí as Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh a mhíníonn bunbhrí an chláir: 'Is smaoineamh álainn leochailleach í an Eoraip agus baineann riachtanach chomh maith le pléisiúr leis an deis mhalartaithe seo san oideachas.'

Thit cuid acu i ngrá ar a dturais agus fuair siad uile deis chun a n-inniúlachtaí teanga a fheabhsú agus taithí a fháil ar shaol sóisialta agus cultúrtha na dtíortha ina raibh siad mar mhic léinn eachtrannacha.

Is cuid de chlár Oideachas Fad Saoil an AE é Erasmus anois agus is mór an dúshlán é do na ballstáit, chomh maith leis na comhpháirtithe incháilithe eile, An Íoslainn, Liechtenstein, an Iorua agus an Tuirc. Táthar ag súil go méadófar líon na rannpháirtithe go trí mhilliún faoi 2013. Ciallóidh sé seo go ndúblófar rannpháirtithe na hÉireann go timpeall 3,200 sa bhliain.

Rath i ndán do chéimithe an Iarthar Láir

Dúirt an tAire Fiontair Mícheál Ó Máirtín le gairid go bhfuil buaine postanna san iarthar láir á dhaingniú ag na céimithe d'ardchaighdeán a thagann as Ollscoil Luimnigh agus as Insitiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Bhí an tAire sa chathair chun 151 post d'ardchaighdeán i dtrí chuideachta a fhógairt. Fógraíodh 97 bpost breise sa tSionnain ag dhá chuideachta nua a bheidh lonnaithe i gCrios gan Chustaim an aerfoirt. Soláthraíonn ceann de na cuideachtaí nua a bheidh lonnaithe i Luimneach, ACI Worldwide, bogearraí do chórais íocaíochta leictreonacha. Cruthóidh ACI 100 post T & F, bogearraí, tacaíocht theicniúil agus airgeadas. Fostóidh Rovsing A/S na Danmhairge 30 céimí tríú leibhéil i saoráid nua bhogearraí atá á bhunú acu sa Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta i Plassey agus cruthóidh AR Europe Ltd 21 post ardscileanna. Dúirt an tUasal Ó Máirtín go léiríonn na postanna nua an mhuinín atá ann do thodhchaí Luimnigh.

Aguisín 1
Staidreamh Trasdul/Aistriú na Mac léinn 2005 – 2006

Staidreamh Trasdul/Aistriú na Mac léinn 2005 – 2006

TEIDEAL	BLIAIN 1	BLIAIN 2	BLIAIN 3	BLIAIN 4	BLIAIN 5	IOMLÁN	AC L6	CÉIM L7	CÉIM L8	L9/L10	IOMLÁN
AN SCOIL EALAÍON & DEARTHA											
Eal & Dearadh	164	0	0	0	0	164	0	164	0	0	
B. Dearadh/BA.	0	133	144	115	0	392	0	277	115	0	
Dip. A.D.T.	0	0	0	0	29	29	0	0	0	29	
M.A.	0	0	0	0	2	2	0	0	0	2	
IOMLÁN	**164**	**133**	**144**	**115**	**31**	**587**	**0**	**441**	**115**	**31**	**587**
SCOIL NA TIMPEALLACHTA TÓGTHA											
Léann Foirg	96	60	0	0	0	146	146	0	0	0	
Bain. Láithreáin	0	0	33	0	0	33	0	33	0	0	
Sláinte & Sábháilteacht	0	0	19	0	0	19	0	19	0	0	
Inn. Shibh.	90	69	0	0	0	159	159	0	0	0	
Dip. Inn. Shibh.	0	0	72	0	0	72	0	72	0	0	
Suirbh. Chainn	83	59	83	63	0	288	0	0	288	0	
Suirbh Luach	58	39	43	35	0	175	0	0	175	0	
Bain Foirg	61	77	43	31	0	212	0	0	212	0	
IOMLÁN	**388**	**294**	**293**	**129**	**0**	**1104**	**305**	**124**	**675**	**0**	**1104**
AN SCOIL GHNÓ & DAONNACHTAÍ:											
AN ROINN GNÓ											
AT B.S Marg	58	62	0	0	0	120	120	0	0	0	
Céim B.S Marg	0	0	70	0	0	70	0	70	0	0	
Ardchéim B.S. Marg.	0	0	0	73	0	73	0	0	73	0	
M.B.S. Marg.	0	0	0	0	2	2	0	0	0	2	
HCB.S. (Cun/Air)	66	67	0	0	0	133	133	0	0	0	
Céim B.S (Cun/Air)	0	0	77	0	0	77	0	77	0	0	
HB.B.S.	0	0	0	54	0	54	0	0	54	0	
B. B. (Hon) Leg.	24	15	0	0	0	39	0	0	39	0	
IOMLÁN	**148**	**144**	**147**	**127**	**2**	**568**	**253**	**147**	**166**	**2**	**568**
ROINN NA NDAONNACHTAÍ											
HBA BS Turasóireacht	20	18	33	0	0	71	0	0	71	0	
HBA Cúram Sóisialta	62	38	30	0	0	130	0	0	130	0	
ArdTeast in B FOM	25	10	0	0	0	35	35	0	0	0	
BA Bain Imeachtaí	76	46	0	0	0	122	0	0	122	0	
Máistir	0	0	0	0	1	1	0	0	0	1	
IOMLÁN	**183**	**112**	**63**	**0**	**1**	**359**	**35**	**0**	**323**	**1**	**359**
AN SCOIL GHNÓ & DAONNACHTAÍ – IOMLÁN											**927**

Staidreamh Trasdul/Aistriú na Mac léinn 2005 – 2006 (contd.)

TEIDEAL	BLIAIN 1	BLIAIN 2	BLIAIN 3	BLIAIN 4	BLIAIN 5	IOMLÁN	AC L6	CÉIM L7	CÉIM L8	L9/L10	IOMLÁN
SCOIL NA HEOLAÍOCHTA, NA HINNEALTÓIREACHTA AGUS THEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE											
ROINN NA HEOLAÍOCHTA FEIDHMIGH											
Ceimic	8	8	0	0	0	16	16	0	0	0	
Dip. Chem. Inst	0	0	30	0	0	30	0	30	0	0	
B.Sc.	0	0	0	19	0	19	0	0	19	0	
Eolaíocht (Tim/Anail)	18	12	0	0	0	30	30	0	0	0	
Bitheolaíocht	28	28	0	0	0	56	56	0	0	0	
Diop Bitheolaíochtaí	0	0	17	0	0	17	0	17	0	0	
Céim Bith	0	0	0	17	0	17	0	0	17	0	
M.Sc.	0	0	0	0	5	5	0	0	0	5	
Foiréinseach/Cóg	32	33	27	30	0	122	0	0	122	0	
IOMLÁN	**86**	**81**	**74**	**66**	**5**	**312**	**102**	**47**	**158**	**5**	**312**
AN ROINN INNEALTÓIREACHTA LEICTRIGH AGUS LEICTREONAÍ (AG CORPRÚ ROINN NA CUMARSÁIDE)											
Leictreonaic	13	10	0	0	0	23	23	0	0	0	
Céim Leictreonaic	0	0	20	0	0	20	0	20	0	0	
ArdChéim Córais Leict.	0	0	0	18	0	18	0	0	18	0	
AT Gluaisteáin & Rób	15	5	0	0	0	20	20	0	0	0	
Céim Gluaist/Rialú	0	0	14	0	0	14	0	14	0	0	
HCEng. Cum S	2	10	0	0	0	12	12	0	0	0	
HCEng. Inn. Ríomh	9	6	0	0	0	15	15	0	0	0	
AT i bhFis & Fuaim 22	27	13	0	0	0	40	40	0	0	0	
B. Eng Fís & Fuaim	0	0	15	0	0	15	0	15	0	0	
M.Sc. i Leictreonaic	0	0	0	0	3	3	0	0	0	3	
B. Eng. Leic	5	0	0	0	0	5	0	5	0	0	
BSC Fuinn Inath	28	0	0	0	0	28	0	28	0	0	
IOMLÁN	**99**	**44**	**49**	**18**	**3**	**213**	**110**	**82**	**18**	**3**	**213**
AN ROINN INNEALTÓIREACHTA MEICNIÚLA AGUS GLUAISTEÁN											
Teic Tionsc Gluaist	18	11	0	0	0	29	29	0	0	0	
Teic. Inn. Mheic	15	19	0	0	0	34	34	0	0	0	
Inn. Ríomhchuidithe	6	4	0	0	0	10	10	0	0	0	
Meic. Talmh	18	13	0	0	0	31	31	0	0	0	
B. Eng. i Meic	20	15	23	0	0	58	0	58	0	0	
Iompar Bóthair	7	0	14	0	0	21	0	21	0	0	
IOMLÁN	**84**	**62**	**370**	**0**	**0**	**183**	**104**	**79**	**0**	**0**	**183**

Staidreamh Trasdul/Aistriú na Mac léinn 2005 – 2006 (contd.)

TEIDEAL	BLIAIN 1	BLIAIN 2	BLIAIN 3	BLIAIN 4	BLIAIN 5	IOMLÁN	AC L6	CÉIM L7	CÉIM L8	L9/L10	IOMLÁN
ROINN TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE											
Ríomhaireacht	26	21	0	0	0	47	47	0	0	0	
Céim i Ríomhaireacht	0	0	10	0	0	10	0	10	0	0	
HB Sc. Inn. Bhog	0	0	0	25	0	25	0	0	25	0	
M.Sc.	0	0	0	0	3	3	0	0	0	3	
HCB Léann CA	67	62	0	0	0	129	129	0	0	0	
Céim. B.S. C.A.A.	0	0	43	0	0	43	0	43	0	0	
Ardchéim B.S. C.A..	0	0	0	27	0	27	0	0	27	0	
Ardchéim Forb Bhog	25	16	15	12	0	68	0	0	68	0	
HBSc Ilmheáin	21	25	20	27	0	93	0	0	93	0	
Tacaíocht TF	0	0	9	0	0	9	0	9	0	0	
Bain Seirbheálaí Ríomh	0	0	0	14	0	14	0	0	14	0	
BA eOff. Adm	19	18	0	0	0	37	0	37	0	0	
Loighistic agus S.C	12	0	0	0	0	12	0	12	0	0	
Líonraí Ríomhairí	17	0	0	0	0	17	0	0	17	0	
IOMLÁN	**187**	**142**	**97**	**105**	**3**	**534**	**176**	**99**	**256**	**3**	**534**

SCOIL NA HEOLAÍOCHTA, NA HINNEALTÓIREACHTA AGUS THEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE – IOMLÁN **1242**

ACHOIMRE

STAIDREAMH TRASDUL/AISTRIÚ NA MAC LÉINN 2005 – 2006											
An Scoil Ealaíne & Deartha	164	133	144	115	31	587	0	441	115	31	587
Scoil na Timpeallachta Tógtha	388	294	293	129	0	1104	305	124	675	0	1104
An Scoil Ghnó & Daonn	331	256	210	127	3	927	288	147	489	3	927
Scoil SEIT	456	329	258	189	11	1242	492	308	432	11	1243
IOMLÁN	**1339**	**1012**	**905**	**560**	**45**	**3860**	**1085**	**1020**	**1711**	**45**	**3861**

Staidreamh Trasdul/Aistriú na Mac léinn 2006 – 2007

TEIDEAL	BLIAIN 1	BLIAIN 2	BLIAIN 3	BLIAIN 4	BLIAIN 5	IOMLÁN	AC L6	CÉIM L7	CÉIM L8	L9/L10	IOMLÁN
AN SCOIL EALAÍON & DEARTHA											
Eal & Dearadh	144	0	0	0	0	164	0	144	0	0	
B. Dearadh/BA.	0	155	129	133	0	392	0	284	133	0	
Dip. A.D.T.	0	0	0	0	28	28	0	0	0	28	
M.A.	0	0	0	0	3	3	0	0	0	3	
IOMLÁN	**144**	**155**	**129**	**133**	**31**	**592**	**0**	**428**	**133**	**31**	**592**
SCOIL NA TIMPEALLACHTA TÓGTHA											
Léann Foirg	75	49	0	0	0	124	124	0	0	0	
Bain. Láithreáin	0	0	23	0	0	23	0	23	0	0	
Sláinte & Sábháilteacht	0	0	15	0	0	15	0	15	0	0	
Inn. Shibh.	49	74	0	0	0	123	123	0	0	0	
Inn. Shibh.	0	4	62	0	0	66	0	66	0	0	
Inn. Shibh.	11	0	15	0	0	26	0	0	26	0	
Suirbh. Chainn	48	83	60	82	0	273	0	0	273	0	
Suirbh Luach	34	37	35	43	0	149	0	0	149	0	
Bain Foirg	49	48	85	42	0	224	0	0	224	0	
IOMLÁN	**266**	**295**	**295**	**167**	**0**	**1023**	**247**	**104**	**672**	**0**	**1023**
AN SCOIL GHNÓ & DAONNACHTAÍ											
AN ROINN GNÓ											
AT B.S Marg	42	44	0	0	0	86	86	0	0	0	
Céim B.S Marg	0	0	53	0	0	53	0	53	0	0	
ArdCéim B.S Marg	0	0	0	67	0	67	0	0	67	0	
M.B.S. Marg.	0	0	0	0	4	4	0	0	0	4	
B.S. (Cun/Air)	40	56	0	0	0	96	96	0	0	0	
Céim B.S (Cun/Air)	0	0	59	0	0	59	0	59	0	0	
HB.B.S.	0	0	0	50	0	50	0	0	50	0	
B. B. (Hon) Leg.	15	22	11	0	0	48	0	0	48	0	
IOMLÁN	**97**	**122**	**123**	**117**	**4**	**463**	**182**	**112**	**165**	**4**	**463**
ROINN NA NDAONNACHTAÍ											
HBA BS Turasóireacht	15	19	18	0	0	52	0	0	52	0	
HBA Cúram Sóisialta	64	55	37	27	0	183	0	0	183	0	
ArdTeast in B FOM	28	17	0	0	0	45	45	0	0	0	
BA Bain Imeachtaí	56	50	36	0	0	142	0	0	142	0	
Máistir	0	0	0	0	1	1	0	0	0	1	
IOMLÁN	**163**	**141**	**91**	**27**	**1**	**423**	**45**	**0**	**377**	**1**	**423**
AN SCOIL GHNÓ & DAONNACHTAÍ – IOMLÁN											**886**

Staidreamh Trasdul/Aistriú na Mac léinn 2006 – 2007 (contd.)

TEIDEAL	BLIAIN 1	BLIAIN 2	BLIAIN 3	BLIAIN 4	BLIAIN 5	IOMLÁN	AC L6	CÉIM L7	CÉIM L8	L9/L10	IOMLÁN
SCOIL NA HEOLAÍOCHTA, NA HINNEALTÓIREACHTA AGUS THEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE											
ROINN NA HEOLAÍOCHTA FEIDHMIGH											
Ceimic	10	5	0	0	0	15	15	0	0	0	
Dip. Chem. Inst	0	0	14	0	0	14	0	14	0	0	
B.Sc.	0	0	0	21	0	21	21	0	0	0	
Eolaíocht (Tim/Anail)	22	9	0	0	0	31	31	0	0	0	
Bitheolaíocht	25	14	0	0	0	39	39	0	0	0	
Diop Bitheolaíochtaí	0	0	28	0	0	28	0	28	0	0	
Céim Bith	0	0	0	13	0	13	0	0	13	0	
M.Sc.	0	0	0	0	5	5	0	0	0	5	
Foiréinseach/Cóg	27	28	33	26	0	114	0	0	114	0	
IOMLÁN	**84**	**56**	**75**	**60**	**5**	**280**	**106**	**42**	**127**	**5**	**280**
AN ROINN INNEALTÓIREACHTA LEICTRIGH AGUS LEICTREONAÍ											
Leictreonaic	0	5	17	0	0	22	22	0	0	0	
AT i Leic & Ríomh	10	2	0	0	0	12	12	0	0	0	
B. Eng. Leic	25	1	0	0	0	26	0	26	0	0	
H Deg El Syst.	0	0	0	10	0	10	0	0	10	0	
AT i bhFis & Fuaim	20	18	0	0	0	38	38	0	0	0	
Céim Fis & Fuaim	0	0	9	0	0	9	0	9	0	0	
Céim Teic Ceoil	26	0	0	0	0	26	0	26	0	0	
Céim In Inath	22	21	0	0	0	43	0	43	0	0	
AT Gluaisteáin & Rób	0	5	0	0	0	5	5	0	0	0	
Céim Gluaisteáin & Rób	0	0	4	0	0	4	0	4	0	0	
Máistir	0	0	0	0	1	1	0	0	0	1	
IOMLÁN	**103**	**52**	**30**	**10**	**1**	**196**	**77**	**108**	**10**	**1**	**196**
AN ROINN INNEALTÓIREACHTA MEICNIÚLA AGUS GLUAISTEÁN											
Teic Tionsc Gluaist	21	10	0	0	0	31	31	0	0	0	
Teic. Inn. Mheic	9	11	0	0	0	20	20	0	0	0	
Meic. Talmh	21	15	0	0	0	36	36	0	0	0	
B. Eng. i Meic	21	15	21	0	0	57	0	57	0	0	
Iompar Bóthair	8	6	5	0	0	19	0	19	0	0	
IOMLÁN	**80**	**57**	**26**	**0**	**0**	**163**	**87**	**76**	**0**	**0**	**163**

Staidreamh Trasdul/Aistriú na Mac léinn 2006 – 2007 (contd.)

TEIDEAL	BLIAIN 1	BLIAIN 2	BLIAIN 3	BLIAIN 4	BLIAIN 5	IOMLÁN	AC L6	CÉIM L7	CÉIM L8	L9/L10	IOMLÁN
ROINN TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE											
Ríomhaireacht	24	5	0	0	0	29	29	0	0	0	
Céim i Ríomhaireacht	0	0	9	0	0	9	0	9	0	0	
HB Sc. Inn. Bhog	0	0	0	11	0	11	0	0	11	0	
HCB Léann CA	42	33	0	0	0	75	75	0	0	0	
Céim. BS CA	0	0	39	0	0	39	0	39	0	0	
ArdChéim. BS CA	0	0	0	31	0	31	0	0	31	0	
Ardchéim Forb Bhog	19	13	12	12	0	56	0	0	56	0	
HBSc Ilmheáin	16	14	22	16	0	68	0	0	68	0	
BA eOff. Adm	35	13	14	0	0	62	0	62	0	0	
Ardchéim Loighistic	5	9	0	0	0	14	0	0	14	0	
Ardchéim Líonraí Ríomh	9	12	0	0	0	21	0	0	21	0	
Céim Chum i dTac TF	0	0	10	0	0	10	0	10	0	0	
Máistir/PhD	0	0	0	0	2	2	0	0	0	2	
Máistir múinte	0	0	0	0	14	0	0	0	0	14	
IOMLÁN	**150**	**99**	**106**	**70**	**16**	**441**	**104**	**120**	**201**	**16**	**441**

SCOIL NA HEOLAÍOCHTA, NA HINNEALTÓIREACHTA AGUS THEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE – IOMLÁN **1080**

ACHOIMRE

STAITISTICÍ NA MAC LÉINN / DUL CHUN CINN AGUS AISTRIÚ 2006-2007

An Scoil Ealaíne & Deartha	144	155	129	133	31	592	0	428	133	31	592
Scoil na Timpeallachta Tógtha	266	295	295	167	0	1023	247	104	672	0	1023
An Scoil Ghnó & Daonn	260	263	214	144	5	886	227	112	542	5	886
Scoil SEIT	417	264	237	140	22	1080	374	346	238	22	1080
IOMLÁN	**1087**	**977**	**875**	**584**	**58**	**3581**	**848**	**990**	**1585**	**58**	**3581**

Aguisín 2
Foireann Acadúil mar a bhí ar an 31 Lúnasa 2007 don Bhliain Acadúil 2006-2007

Aguisín 2
Foireann 2006 – 2007

Roinnt Poist/Oibre ~ Sos Gairme >Saoire Speisialta

AN SCOIL EALAÍON & DEARTHA (56)

Buan (33)

R. Ruth
(Ceann na Scoile)

J. Dennison
(Ceann Roinn Deartha)

R.Baker
(Ceann Roinn na Mínealaíne)

J. Baker
A. Byrne
~G. Byrne
U. Brick Walsh
M. Byrne
V. Dennison
A. Dunsmore
M. Finucane
M. Fox
C. Harper
>M. Healy
~J. Hynes
A. Keane
Alan Keane
P. Keilthy
J. Lane
T. Leahy
B. Lynch
~L. Masterson
D. McMahon
K. Meagher
A. Melinn
P. Morgan
A. Nic Giolla Coda
C. O'Driscoll
M. O'Kelly
S. O'Shea
N. Oxley
J. Savage
J. Sheehy
~G. Smyth Higgins
E. Spelman
S. Taylor
C. Twomey
K. Whitelaw

Pro-Rata (Conarthaí Tréimhse Seasta/Cuspóir Sonraithe) (23)

F. Bourke
D. Brancaleone
H. Byrne
M. Canning
K. Cashel
M. Dawson
P. Gardiner
S. Halvey
S. Hanley
M. Lennon
K. Maguire
C. Morrison
M. Nagle
L. Neeson
N. Noonan
S. O'Flaherty
E. Riordan
S. Shorthall
L. Spillane
M. Swords
P. Tarpey
J. Whitty
J. Waldron

SCOIL NA TIMPEALLACHTA TÓGTHA (55)

Buan (49)

J. Healy
(Ceann na Scoile)

M.Kyne
(Ceann Roinn na Timpeallachta Tógtha, Tógáil agus Innealtóireacht)

J. Collins
(Ceann Roinn na Timpeallachta Tógtha – ceaptha 01/09/06)

P.Gill
(Ceann Gníomhach Roinn na Timpeallachta Tógtha, Tógáil & Innealtóireachta) (30/04/07-07/12/07 ionadú saoire máithreachais)

P. Armstrong
S. Armstrong
S. Barron
M. Beasley
D. Canavan
A. Carr
J. Clear
J. Collier
J. Corcoran
J. Costigan
M. Daly
I. Frazer
P. Greanery
Iar-Cheann Roinn na Timpeallachta Tógtha – chuaigh ar ais go post Léachtóra 01/09/06)
G. Harty
G. Irwin
A.M. Joyce
P. Kirwan
C. Lucey
T. Mannix
E. Matthews
K. Maughan
A. McDonnell
M. McGuire
S. McLoughlin
N. McPartlin
T. Molyneaux
M. Mooring
B. O'Brien
J.D.D. O'Brien
A. O'Connor
M. O'Connor
M. O'Kelly
E. O'Riordan
K. O'Riordan
S. O'Sullivan
A. Quinn
P. Ronan
G. Ryan
S. Sajjadi
R. Scully
P. Sharpe
P. Vesey
A. Wallace
B. Wallace
R. Whelan

Pro-Rata (Conarthaí Tréimhse Seasta/Cuspóir Sonraithe) (6)

J. Blackmore
R. Condon
D. Honan
N. Kenny
A. O'Flaherty
J. Ryan

AN SCOIL GHNÓ AGUS DAONNACHTAÍ (47)

Buan (37)

M. Duggan
(Ceann na Scoile)

D. McInerney
(Ceann Roinn na nDaonnachtaí)

E. Sadlier
(Ceann Gníomhach Roinn na nDaonnachtaí)

H. Chadda
R. Boylan
M. Conway
G. Cunneen
P. Cremen
B. Crotty
A.M. Dooley
E. Fitzmaurice
T. Galvin
E. Gavigan
P. Guinane
F. Houghton
J. Jones
C. Jones
S.J. Kickham
L. McInerney
T. McMahon
D. McNamara
J. Mulcahy
C. Murphy
M. Neville
L. Nugent
K. O'Brien
N. O'Connor
K.M. O'Donoghue
S. O'Leary
P. O'Rourke
M. O'Sullivan
J. Quigley
R. Sadlier
M. M. Sheehan
D. Stokes
K. Sugrue
K. Switzer

Pro-Rata (Conarthaí Tréimhse Seasta/Cuspóir Sonraithe) (10)

M. Butler
A. Boucher Hayes
R. Crowley
X. Duran
C. Foley
M. Hackett
E. OíLeary
J. OíMeara
R. OíBrien
T. OíBrien

Roinnt Poist/Oibre ~ Sos Gairme >Saoire Speisialta

SCOIL NA HEOLAÍOCHTA, NA HINNEALTÓIREACHTA AGUS THEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE (129)

P. Meehan
(Ceann Gníomhach na Scoile)

AN ROINN INNEALTÓIREACHTA LEICTRIGH AGUS LEICTREONAÍ (38)

Buan (34)

D. Sims
(Ceann na Roinne)
M. Bennett
T. Bradley
K. Carey
P. Carroll
J. Concannon
F. Condon
J. Cosgrove
J. Dunk
D. Foley
T. Gallery
M. Gleeson
O. Gleeson
P. Grace
D. Hartnett
B. Hayes
P. Henehan
W. Hurley
G. Hussey
A. Kavanagh
L. Kelly
P. Kennedy
T. Martin
J. Meskell
M. O'Flanagan (Conradh 3 bliana)
E. O'Gorman
B. O'Heney (Conradh 3 bliana)
D. O'Shea
D. Riordan
J. Riordan
M.J. Ryan
J. Sullivan
L. Walsh
C. Wharton

Pro-Rata (Conarthaí Tréimhse Seasta/Cuspóir Sonraithe) (4)

J. Kennedy
L. MacCarthaigh
W. O'Halloran
C. O'Sullivan

AN ROINN INNEALTÓIREACHTA MEICNIÚLA AGUS GLUAISTEÁN (20)

Buan (15)

P.Ryan
(Ceann na Roinne)
J. Brislane
E. Fitzgerald
D. Higgins
B. Kelleher
T. Mahon
S. McAuliffe
T. Meade
C. Moore
B. Murray
E. Nolan
G. OíBrien
C. OíLoughlin
N. O Shaughnessy
G. Walsh

Pro-Rata (Conarthaí Téarma Seasta) (5)

G. Breen
A. Burke
N. Enright
F. McDonnell
G. Moynihan

ROINN NA HEOLAÍOCHTA FEIDHMIGH (26)

Buan (23)

M. McKeon Bennett
(Ceann na Roinne)
~A. Culhane
M. Dempsey
E. Fahey
W. Fitzgerald
M. Geary
J. Healy
M. Lehane
S. Moane
M. Monaghan
E. Moore
M. Morrin
A. Murphy
B. Murphy
R. Nolan
M. O'Callaghan
M. O'Keeffe
J. O'Kelly
E. Raggett
N. Shanley
D. Sutton
J. Treacy
D. Walsh
M. Walsh

Pro-Rata (Conarthaí Tréimhse Seasta/Cuspóir Sonraithe) (3)

B. Cashin
B. Madden
L. Wallace

ROINN TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE (43)

Buan (36)

I. Kavanagh
(Ceann na Roinne)
E. Bourke
N. Brady
L. Callanan
M. Clarke
T. Costello
S. Doyle
A. Gaine
M. Greaney
P. Green
G. Guinane
J. Hayden
N. Higgins
J. Holohan
O. Hyde
J. Lynam
M. Lynch
W. Lyons
C. McAlister
D. McEvoy
K. Oakley
M. O'Brien
D. O'Carroll
S. Ó Ciardhuain
E. O'Donnell
R. O'Keeffe
E. Quane
C. Rainsford
A. Ryan
~Mary Ryan
M. Ryan
A. Sheahan
C. Staunton
B. Watson
A. Murray
(Bainisteoir Tionscadal Modúlaithe – 01/09/06-31/08/08)
M. Twomey
(Bainisteoir LSU – 01/09/06-31/08/08)
W. Ward
(Comhordaitheoir VLE – 01/10/05-31/08/08)

Pro-Rata (Conarthaí Tréimhse Seasta/Cuspóir Sonraithe) (7)

M. Falvey O'Doherty
L. Farmer
M. Hayes
M. O'Connell
S. O'Gorman
E. O'Keeffe
M. Winterburn

CEANN CAIGHDEÁN ACADÚIL (1)

E. Hayes

POSTANNA MAOINITHE ACADÚLA SIF MAR A BHÍ AG AN 31/08/07 (2)

L. Boyle
(Conradh 3 bliana)

M. P. OíBrien
(Conradh 3 bliana)

BAINISTÍOCHT FHEIDHMEACH MAR A BHÍ AG AN 31/8/07 (5)

M. Hinfelaar
Stiúrthóir

T. Twomey
Cláraitheoir

F. Barry
Ceann na Forbartha

M. O'Connell
Rúnaí/ Rialóir Airgeadais
(go dtí 31/1/2007) (saoire staidéir)

J. Browne
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais
(ón 1/2/2007)

Roinnt Poist/Oibre ~ Sos Gairme >Saoire Speisialta

BAINISTEOIRÍ SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA/RIARACHÁN/ AIRGEADAS/FOIREANN LEABHARLAINNE/SEIRBHISÍ TACAÍOCHTA MAR A BHÍ AR AN 31/8/07 (93)

BAINISTEOIRÍ NA SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA (8)

Buan

J. Cavanagh
Leabharlannaí na hInstitiúide

N. Corcoran
Bainisteoir TF

M.Costello
Riarthóir Acadúil agus Bainisteoir Gnóthaí na Mac Léinn

U. Gogarty
Bainisteoir Eastát

C. McLean
Bainisteoir Seirbhísí Seachtracha

A.Twomey
Bainisteoir Acmhainní Daonna:

D.Hughes
Bainisteoir Ionad Brostú Fiontraíochta (conradh 4 bliana)

G. O'Neill
Bainisteoir Gníomhach Airgeadais(ón 1/2/2007)

OIFIGIGH (2)

Buan

A. Noonan
Oifigeach Sláinte agus Sábháilteacht

R. O'Brien
Oifigeach Foirgníochta

SEIRBHÍSÍ EILE (4)

Buan

A. Meaghar
Altra

N. Keane
Comhairleoir

L. Barry
Oifigeach Rochtana

F. Egan
Oifigeach Gairmthreorach

FOIREANN RIARACHÁIN / AIRGEADAIS/ LEABHARLAINNE (79)

Buan (52)

E. Barrett
#K. Bourke
C. Brennan
~M. Brennan
#A. Briggs
~C. Browne
#K. Cahill
H. Carney
S. Casey
A. Costello
A. Culhane
M. Cummins
M. Daly
S. DeBhulbh
M. Devitt
M. Dinneen
~K. Fitzgerald
L. Flanagan
B. Fleming
H. Forde
B. Foster
#K. Gannon
M. Grimes
#S. Grace
F. Hedderman
#A. Hennessy
#A. Keane
N. Keogh
P. Kirby
S. Landy
A. Long
R. Malone
T. McDarby
C. McKenna
M. MacMahon
A. O'Donoghue
A. O'Donovan
M. O'Dwyer
#S. O'Keeffe
A. O'Leary
G. O'Sullivan
#M. O'Sullivan
#T. O'Sullivan
C. Pearse
#C. Real
A. Reidy
B. Ronan
C. Ryan
Mgt Ryan
M. Ryan
M. Shannon
E. Tucker
O. Vaughan
F. Williams
N. Wixted

Pro-Rata (Conarthaí Tréimhse Seasta/Cuspóir Sonraithe) (27)

C. Allen
K. Cashin
D. Coffey
B. Coleman
D. Coleman
A. Foley
G. Gabbett
C. Halloran
I. Hayes
T. Hickey
G. Keane
C. Keevey
M. Khan
J. Leddin
K. Lee
A.M. McNamara
M. Moloney
A. Murphy
A.C. Murphy
S. Myers
N. O'Dea
J. Ryan
L. Shaughnessy
C. Taylor
J. Wall
C. Walsh
C. Wright

TEICNEOIRÍ/OIFIGIGH TEICNIÚLA MAR A BHÍ AR AN 31/8/07 (35)

Buan (26)

A. Barry
A. Bowman
J. Brown
S. Collins (d'fhill go lánaimseartha ó shocrú roinnt poist)
R. Corrigan
M. Curtin
M. Dawson
P. Diffley
D. Farrell
G. Fitzgibbon
A. Fleming
G. Hartigan
G. Healy Lyons
F. Hennessy
D. Kennedy
D. Kerley
J. McCarthy
T. O'Mahony
N. O'Regan
#E. Ryan
W. Ryan
L. Scully
G. Slevin
M. Tuohy
#A. Twomey
N. Vaughan

Pro-Rata (Conarthaí Tréimhse Seasta/Cuspóir Sonraithe) (9)

T. Beletskaya
L. Everard
S. Hayden
N. McNamara
J. O'Gorman
L. O'Reilly
A. Kennedy
A. Treacy
M. Wharton

FOIREANN FEIGHLÍOCHTA MAR A BHÍ AR AN 31/08/07

Buan (13)

B. Bennett (Saoiste)
J. Clancy
T. Ferguson
N. Foley
P. Foley
P. McGrath
J. Nolan
J. O'Neill
J. OReilly
P. O'Shaughnessy
C. Ryan
J. Reynolds
D. Ward

Pro-Rata (Conarthaí Tréimhse Seasta/Cuspóir Sonraithe) (3)

P. Ahern
R. Kearney
J. Murphy

NDP
National Development Plan 2007 - 2013
Transforming Ireland

EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS